An Garda Síochána

Treoirlínte an Choimisinéara
i ndáil le feidhmiú agus oibriú praicticiúil
Achtanna na nArm Tine, 1925-2009.

Arna n-eisiúint de réir
ailt 3A d'Acht na nArm Teine, 1925
arna chur isteach le halt 31 den
Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.

(Mar a leasaíodh ar an 22ú Deireadh Fómhair 2009)

Réamhrá

Déanann alt 31 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 (rud a chuireann alt nua 3A isteach in Acht na nArm Teine, 1925) arna leasú ag alt 29 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 foráil go bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána le toiliú an Aire, Treoirlínte a eisiúint ó am go ham i ndáil le feidhmiú agus oibriú praiticiúil aon fhorála d'Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009, nó aon rialacháin a rinneadh faoi aon fhoráil na nAchtanna sin, agus go bhféadfaidh sé Treoirlínte a eisiúint freisin i ndáil le hiarratais ar dheimhnithe agus ar údaraithe airm tine faoin Acht seo agus i ndáil leis na coinníollacha a bheidh ag gabháil leis na deimhnithe agus leis na húdaraithe sin.

Déanann Cuid 5 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 foráil do réimse leathan leasuithe ar Achtann na nArm Tine chun an dlí a neartú maidir le rialú na n-arm tine. Réitíonn sé ábhair ar nós an próiséas nua deimhniúcháin arm tine, údarú clubanna raidhfil agus piostail agus raonta lámhaigh agus clárú déileáilaithe arm tine.

Tá sé i gceist ag na Treoirlínte seo a leagadh amach i dtéarmaí praicticiúla, ar mhaithe le comhaltaí den Gharda Síochána agus an phobail mar an gcéanna, cén chaoi go bhféadfaí an réimse casta den reachtaíocht arm tine a fheidhmiú agus ba cheart don doiciméad seo a léamh i gcomhar le reachtaíocht na n-arm tine, go háirithe na haltanna nua mar a leagtar amach thíos.

Tá tosach feidhme curtha leis an gcuid eile d'altanna an Achta um Cheartas Coiriúil 2006 i ndáil le leasú ar Acht na nArm Teine,1925 chomh maith le hAcht um Cheartas Coiriúil (Foralacha Ilghnéitheacha) 2009 rud a sholáthraíonn do rialtaithe níos dochta i ndáil le ceadúnú na n-arm tine.

Mar is gá, dá bhrí sin, beidh na treoirlínte seo faoi réir leasaithe agus uasdhátaithe de réir mar is cuí chun coimeád suas leis na forálacha reachtaíochta amhail ó agus nuair a chuirtear tús leo chomh maith le cás-dlí atá ag teacht chun cinn.

Is doiciméad 'Cleachtas is fearr' é an doiciméad seo, rud gur féidir le hArd-Cheannfoirt agus le Ceannfoirt tagairt dó nuair a bhítear ag déanamh machnaimh ar iarratais ar Dheimnhnithe Arm Tine taobh istigh dá gcuid Ranna nó Ceantair féin faoi seach, agus mar chabhair d'fhorfheidhmiú Achtanna na n-Arm Tine 1925-2009. Ba cheart d'Ard-Cheannfoirt agus do Cheannfoirt a chinntiú, áfach, go bhfuil lán-aireacht ag comhaltaí astu faoina smacht ar an méid atá sa dhoiciméad seo.

Tá mé thar a bheith buíoch ar fad d'fhoireann Aonad Polasaí na nArm Tine, arna chomhairliú ag An Rannóg Dlíthiúil, Polasaí Coireachta agus Riaracháin , Ceanncheathrú an Gharda Síochána as ucht a gcuid saineolais, a gcuid feasa agus a gcuid scileanna maidir leis an doiciméad seo a chur i dtoll a chéile.

M.F. MURPHY,
COIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA
4ú Meán Fómhair 2009

Treoirlínte an Choimisinéara

Clár

Clár 3
CAIDIDIL 1: RéAMHRá 5
Forbairtí Reachtaíochta 5
Na Treoirlínte 5
IDIRTHRÉIMHSE AGUS SINÉADH AMA A THABHAIRT DO DHEIMNHNIÚ AIRM TINE 6
CAIBIDIL 2: iarratrais ar dheimhnithe arm tine – Achomharc chun na Cúirte Dúiche - Cúlghairmeacha 8
Arm Tine srianta nó neamhshrianta? 9
Riachtanais atá le comhlíonadh i gcás Iarratais ar Dheimhnithe Airm Tine Srianta agus Neamhshrianta araon 10
Riachtanais breise i gcás an Iarratais ar Dheimhniú Airm Tine Srianta agus Srian ar Cheadúnú Gearr-Airm Tine 12
Deimhniú Oiliúna Arm Tine 13
An Cinneadh a chumarsáidú maidir le Deimhnithe Airm Tine a dheonú 14
Achomharc ar Chinneadh i ndáil le Deimhniú Airm Tine a dheonú 14
Deimhnithe Arm Tine a Chúlghairm agus Díol nó Diúscairt 15
CAIBIDIL 3: COINNÍOLLACHA A D'FHÉADFAÍ MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU ATÁ ÁBHARTHA NUAIR A DEONAÍTEAR DEIMNHNIÚ AIRM TINE AGUS CÁS-DLÍ 16
Arm Tine nó Lón Lámhaigh a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan bhagairt do Shábháilteacht AN Phobail nó don tSíocháin 17
Cúis Mhaith a mheasúnú 17
Cúis Mhaith chun arm tine a fháil i ndáil lena mbaineann an deimhniú 18
Breithiúnas McCarron – Contrártha do Rialú na hArd-Chúirte 18
CAIBIDIL 4: CLUBANNA RAIDHFIL AGUS PIOSTAIL AGUS RAONTA LÁMHAIGH 20
Údarú Clubanna Raidhfil agus Piostail agus Raonta Lamhaigh do Lámhach Targaide 20
Cead Pleanála do Raonta Lámhaigh 22
Idirchaidreamh an Gharda Síochána le Clubanna Gunna áitiúla 22
Cailibre agus Déanamh na nArm Tine agus Treoir maidir le hOiriúnacht úsáide 22
Airm Tine oiriúnacha do Lámhach Targaide agus do Lámhach Cré-Phlátaí – Treoir maidir le Cineál agus Cailibre 23
Raidhfilí 23
Piostail 23
Gunnaí Gráin 23
CAIBIDIL 5: DEILEÁILITHE CLÁRAITHE ARM TINE AGUS 'AIRSOFT' – BRÉAG - AIRM THINE RÉALAÍOCHTA 24
DEILEÁILITHE CLÁRAITHE AIRM TINE 24
Airsoft – Bréag-Airm Tine Réalaíochta 24

CAIBIDIL 6: Úsáid thar lear na n-Arm Tine Agus Iarratais ar Dheimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí 25
Úsáid Thar lear 25
Pas Eorpach na nArm Tine 25
Neamhchónaitheoir 26
Easportáil buan ag Cónaitheoir Éireannach 26
CAIBIDIL 7: Ilghnéitheach 27
Lón lámhaigh – Méid atá sonraithe i nDeimhnithe Airm Tine 27
Crosbhoghanna 27
Lámhach thar thalamh 28
Ag Lámhach Speiceas beag cairéil agus Géim and Speiseas Peist san áireamh 28
Lámhach a Cheannach 29
Marú Trócaireacht na nAinmhithe 29
Ainmhithe Eile 29
Fianna 29
Sionnach 29
Slaughtering 30
Taibhléirithe Amharclainne 30
Ag tabhairt cóir leighis ar ainmhithe 30
Bailitheoirí / Airm Tine Díghníomhachtaithe 30
Airm Tine do Chosaint Phearsanta 31
Seilg 31
Raidhfilí – Seilg Fianna 31
Raidhfilí – Sionnach a dhealú 31
Raidhfilí – Coiníní agus mar sin de 31
AGUISÍN A: IAD SIÚD NACH BHFUIL I DTEIDEAL ARM TINE A SHEALBHÚ . 32
AGUISÍN B: FIOSRUITHE MÍOCHAINE AGUS RÉITEOIRÍ 34
Toiliú i gcomhair Fhiosuithe Míochaine 34
Eolas maidir le Réiteoirí ..... 35**Error! Bookmark not defined.**
AGUISÍN C: STÓRÁIL DAINGEAN D'AIRM TINE 35
Stóráil Daingean d'Airm Tine atá a shealbhú go dleatach 35
Comhúinéireacht nó Comhcheadúnú 36
AGUISÍN D: ÚDARAITHE FAOI ACHTANNA NA NARM TINE 37
údaraithe 37
Gunnaí an Chlub 37
Tostóirí – Treoir maidir lena n-úsáid 37
AGUISÍN E: IONADAÍOCHTAÍ AGUS AIRM TINE A DHIÚSCAIRT 39
Ionadaíochtaí agus 'iontamhail' 39
Cuir ar ceal/Leasaigh 39
Bairille Spártha / Athsholáthair 39
Airm Tine atá i seilbh an Gharda Síochána nach bhfuil ag teastáil a scrios 39
AGUISÍN F: PIOSTAIL CHAIGHDEÁNACHA OIRIÚNACHA OILIMPEACH 40
Conclúid 41

CAIBIDIL 1: RÉAMHRÁ

Is é príomhchuspóir an doiciméid seo ná treoir comónta a chur ar fáil don Gharda Síochána agus do chomhaltaí den Gharda Síochana mar an gcéanna, maidir le feidhmiú agus oibriú praicticiúil foralácha d'Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2009.

FORBAIRTÍ REACHTAÍOCHTA

Achtaíodh mórathruithe i reachtaíocht ceadúnucháin airm tine le tamall gearr anuas, go háirithe, Acht an Gharda Síochána, 2006 agus Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Tá comhlacht áirithe de chás-dlí a bhaineann leis tar éis teacht ar an bhfód chomh maith le tamall beag de bhlianta anuas. Luann na Treoirlínte an cás-dlí go forleathan mar gheall ar a chumas chun a shoiléiriú faoi conas mar ba cheart an dlí a fheidhmiú. Tá sé seo, mar shampla, an–ábhartha go deo nuair atáthar ag déileáil leis na coinníollacha a d'fhéadfadh machnamh a dhéanamh orthu nuair atá deimhniú airm tine á dheonú.

Ina chuid oibríochta maidir le reachtaíocht ceadúnucháin airm tine, beidh aird ag an nGarda Síochána ar an riachtanas chun a chuid oibríochta Chearta an Duine a chomhlíonadh. Leathnaíonn na hoibleagáidí seo go dtí iarratasóirí aonair agus an pobal níos fairsinge mar an gcéanna.

Ní mór a threisiú nach bhfuil na Treoirlínte seo ina ráiteas ar an dlí, ina ionad sin soláthraíonn said míniúchán comhtháite ar réimse casta na n-arm tine agus ba cheart é a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht airm tine, go háirithe, an reachtaíocht a achtaíodh le gairid anuas atá in Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 agus in Acht um Cheartas Coiriúil (Foralacha Ilghnéitheacha), 2009. Ní hamháin sin, déantar tagairtí a rinneadh sna Treoirlínte don dlí go soiléir de réir mar a bhí sé ag tráth a scríobhadh é agus dá bhrí sin, tá sé rí-thabhachtach go rachaidh na léitheoirí i gcomhairle leis an reachtaíocht agus leis an gcás dlí is suas chun dáta.

NA TREOIRLÍNTE

Cumhachtaíonn alt 3A d'Acht na nArm Teine 1925, arna chur isteach le halt 31 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 Coimisinéir an Gharda Síochana, le toiliú an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ó am go ham Treoirlínte a eisiúint i ndáil le feidhmiú agus oibriú praicticiúil d'aon fhorála d'Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009. Go háirithe, féadfaidh Treoirlínte den sort sin a eisiúint i ndáil le hiarratais ar dheimhnithe agus ar údaraithe airm tine agus i ndáil leis na coinníollacha a bheidh ag gabháil leis na deimhnithe agus leis na húdaraithe sin. Tá an doiciméad seo á eisiúint taobh istigh den chomhthéacs seo. I gcoitinne tá An Garda Síochána freagrach as ceadúnú agus údarú airm tine agus lón lámhaigh atá á shealbhú go dleathach fad is atá An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí freagrach go príomha as impórtáil agus easpórtáil airm tine agus lón lámhaigh agus clár um dhéileailaithe airm tine a choimeád.

Maidir le hoibriú an chóras cheadúnúcháin, tá sé mar aidhm ag An Garda Síochána seirbhís a chur ar fáil a éascaíonn próiseáil éifeachtach gach iarratas atá bainteach le

deimhnithe agus údaraithe airm tine, agus mar sin de, fad, ar gach uairibh, ag cinntiú go bhfanfaigh leas shábháilteacht an phobail mar phríomhchúram. Tá ceannfoirt agus ard-cheannfoirt den Gharda Síochána freagrach sa deireadh thiar thall ar fad as riaradh reachtaíocht na arm tine ina gcuid réimsí agus leanfaidh siad ag gníomhú mar *personae designate* faoi Achtanna nArm Tine 1925 go 2009. Beidh gach cás measúnaithe i gcónaí de bhua a thuilteanais aonair féin de réir an dlí.

Caithfidh gach duine aonair atá údaraithe chun aon arm time a shealbhú, a úsáid nó a iompar faoi dheimhniú faoi Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009 ar gach uairibh gníomhú ar mhodh freagrachta agus aon choinníollacha a chomhlíonadh a bheidh ag gabháil le deimhniú airm tine den sort sin a dheonú. Tá iachall ar shealbhóir airm tine chomh maith chun a chur in iúl dá c(h)eannfort áitiúil (nó dá ard-cheannfort de réir mar a oireann) faoi aon athruithe sna himthosca maidir le deimhniú nó údarás airm tine a dheonú i rith ré an deimhnithe nó an údaráis. D'fhéadfadh na hathruithe sin a bheith ina dhíolúchán nó ina dhiúscairt an airm tine nó ina athrú seolta an shealbhóra, agus mar sin de.

Tá sé i gceist ag na Treoirlínte seo a leagan amach i dtéarmaí praiticiúla conas mar a bheidh ábhair cosúil leis an reachtaíocht nua á fheidhmiú de réir a chéile, a fheidhmiú chomh maith le míniú na machnaimh rud a d'fhéadfadh ceannfoirt agus ard-cheannfoirt a thabhairt san áireamh maidir le feidhmiú Achtanna na nArm Tine.

IDIRTHRÉIMHSE AGUS SINÉADH AMA A THABHAIRT AR AIRM TINE

Thug alt 28 d'Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 isteach reachtaíocht chun críche leanúint i bhfeidhm de réir a chéile, nó eile gach deimhniú airm tine a rachfadh in éag ar an 31ú Iúil 2009. Tá Coimisinéir an Gharda Síochána tar éis líon forordaithe grúpaí de na deimhnithe airm tine sin atá roghnaithe go fánach aige a tharmligean. Beidh na síneadh ama ar feadh íosmhéid de 3 mhí agus uasmhéid de 11 mhí.

Measfar na deimhnithe airm tine i ngach aon ghrúpa a dhul in éag ar dháta forordaithe (tráth nach déanaí ná 30ú Meitheamh 2010). Cuirfidh an Coimisinéir in iúl, i scríbhinn, sealbhóirí de na deimhnithe airm tine sin, maidir le dáta forordaithe an éaga agus tabharfaidh sé cuireadh do gach sealbhóir iarratas a dhéanamh ar dheimhniú nua airm tine 3 bliana 3 mhí roimh dáta an éaga den deimhniú sínte. Beidh an litir seo ceangailte de gach airm tine ag sealbhóir an deimhnithe. Beidh an fógra a fuarthas ó Choimisinéir an Gharda Síochána i dteannta leis an deimhniú atá ann ina cheadúnas sínte agus beidh sé á aithint ag an Garda Síochána mar a leithéid ar feadh thréimhse na hidirthréimhse.

TABHAIR FAOI DEARA: Síneofar gach deimhniú atá ann anois go dtí ar a laghad an 31ú Deireadh Fómhair 2009 agus ní bheidh táillí iníoctha a thuilleadh ag stáisiúin Garda ach eisfhoinseofar iad **do** An Post.

Ceann de na príomhéifeachtaí den phróiseas agaithe iarratais seo ná nach rachaidh na deimhnithe airm tine 3 bliana in éag ar an 31ú Iúil feasta faoi mar a bhí an cás tráth den saol. Comhthairbhiúil don Gharda Síochána agus do gach úinéir airm tine araon mar, le himeacht aimsire, beidh próiséas na n–arm tine a cheadúnú go leanúnach ó cheann ceann na bliana.

TABHAIR FAOI DEARA: Amhail ó 21ú Deireadh Fómhair 2009, tá Coimisinéir an Gharda Síochána tar éis cinneadh a dhéanamh dóibh siúd a fuair litir sínte eisithe dá gcuid airm tine reatha a gcuid airm tine a ionadú d'airm tine nua. Déanfar é seo ar bhonn 'iontamhla' ar feadh a gcuid tréimhe sínte amháin.

Ar an bhfoirm iarratais seo a fháil ar ionadaíocht, déanfaidh Oifigigh an Cheantair a chinntiú go gcomhlíonófar na nósanna imeachta seo a leanas;

- Gur cheart an litir shínte, atá sonraithe don litir, arna eisiúint ag an gCoimisinéir a bheith leasaithe le sonraí aon airm tine nua;
- Gur cheart foirm FCA2 a chomhlánú go huile agus go hiomlán le sonraí aon airm tine cealaithe agus sonraí aon airm tine nua.
- Gur cheart an fhoirm chomhlánaithe FCA2 a chur ar aghaidh láithreach bonn do Rannóg Ríomhaireachta na nArm Tine ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána d'fhonn an taifead PULSE cuí a leasú.

Ba cheart do gach ceannfort agus ard-cheannfort aird a thabhairt ar an idirthréimhse – agus go háirithe – beidh tionchar suntasach ag 1ú Samhain 2009 go 30ú Meitheamh 2010 ar acmhainní mar gheall ar go ndéanfar iarratas ar gach ceadúnas reatha (tuairim is 240,000) anois faoin reachtaíocht nua agus beidh aird orthu seo mar iarratais nua.

CAIBIDIL 2: IARRATAIS AR DHEIMHNITHE AIRM TINE – ACHOMHARC CHUN NA CÚIRTE DÚICHE - CÚLGHAIRMEACHA

Ní mór do gach duine ar mhian leo arm tine nó lón lámhaigh a shealbhú, a úsáid nó a iompar, iarratas a dhéanamh i dtosach – ar an bhfoirm iarratais FCA1 (chuig an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána) - agus ar mhian leo deimhniú airm tine a bheith deonta leo, muna bhfuil sé nó sí díolmhaithe ó alt 2 d'Acht na nArm Teine, 1925. Tá an fhoirm iarratais seo ar fáil ag gach stáisiún Garda nó ar an láithreán gréasáin www.garda.ie agus is é an costas atá ar gach deimhniú nua 3 bliana ná €80.

PRÓISÉAS AN IARRATAIS – EIFEACHT AR DHEIMHNIÚ AIRM TINE

Cuirtear alt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 (arna leasú ag alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009) in ionad alt 3 den Phríomh-Acht (alt 3 arna leasú ina dhiaidh seo) agus déanann sé idirdhealú idir deimhniú airm tine agus deimhniú airm tine srianta. Is chun cheannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir a dhéanfar iarratas ar dheimhniú airm tine (seachas deimhniú airm tine srianta). Is chun Coimisinéir an Gharda Síochána a dhéanfar iarratas ar dheimhniú airm tine srianta a bhfuil a chuid feidhmeanna tarmligthe as ucht airm tine srianta a cheadúnú ar ard-cheannfort den Gharda Síochána. Má bhaineann an t-iarratas le deimhniú airm tine srianta, cuirfidh ceannfort an cheantair sin an t-iarratas ar aghaidh chuig ard-cheannfort na roinne ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir.

Déanfar gach iarratas ar dheimhniú airm tine ar an bhfoirm nua iarratais FCA1 ag staisiún Garda áitiúil an iarratasóra agus ba cheart grianghraf an iarratasóra den mhéid céanna le pas a tógadh le gairid a cheangailt den fhoirm seo. Beidh athbhreithniú déanta ar an bhfoirm iarratais i gcoinne seicliosta tríd an nGarda a fhaigheann é (i láthair an iarratasóra más féidir) chun a chinntiú go bhfuil sé comhlánaithe ina iomláine. Dearbhófar aithint an iarratasóra. Cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chun an cheannfoirt nó chun an ard-cheannfoirt ansin má bhaineann an t-iarratas le harm tine srianta). Déanfar scrúdú ar gach iarratas ag oifig an cheantair (nó ag oifig na roinne má thagraíonn an t-iarratas d'airm tine srianta) chun a bhailíocht a chinntiú agus cuirfear fógra scríofa ar aghaidh chuig an iarratasóir mar gheall ar a bhailíocht taobh istigh de 10 lá oibre ó é a fháil ag an stáisiún. Cuirfear iarratasóirí ar an eolas go bhféadfar eolas breise a lorg uathu. **TABHAIR FAOI DEARA:** Níl an táille ábhartha le dul i dteannta leis an iarratas. Eisfhoinseófar na táillí anois do An Post agus ní bheidh siad iníoctha go dtí go mbeidh an deimhniú airm tine tar éis a bheith deonta ag an duine eisiúna agus nó go bhfuil an t-iarratasóir curtha in iúl i scríbhinn mar gheall ar an deontas seo.

Ní bheidh gá ag iarratas chun arm tine a chur in ionad ar bhonn - 'iontamhla' – le táille agus déanfar é chomh maith ar an ngnáthfhoirm iarratais FCA1. Le deimniú airm tine a leasú nó a chur ar ceal - tá foirm FCA2 le bheith úsáidte. Tá an fhoirm seo freisin ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh an t-eolas ag duine a dhéanann iarratas ar deimhniú airm tine i leith a gcuid iarratais á choinneáil ar chóras ríomhaireachta an Gharda Síochána.

TABHAIR FAOI DEARA: Má tá sé ar intinn ag iarratasóir arm tine a úsáid chun mamaigh fhiáine dhíolmhaithe (seachas giorriacha) a fhiach agus a mharú le hairm tine taobh istigh de bhrí an Achta um Fhiadhúlra 1976, ní mór dó/di ceadúnas reatha a shealbhúí chun déanamh amhlaidh faoi alt 29(1) den Acht um Fhiadhúlra, 1976.

Leanfaidh arm tine atá i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana ón dáta ar deonaíodh é, muna gcúlghairmeofar é, agus ar feadh na tréimhse sin a bhféadfar é a athnuachan. Féadfaidh sealbhóir airm tine iarratas a dhéanamh ar dheimhniú a athnuachan 3 mhí roimh an dáta a théann sé in éag.

Údaróidh an deimhniú airm tine an duine aonair ainmnithe:

(a) an t-arm tine áirithe go bhfuil tuairisc sa deimhniú a bheith ar seilbh aige, a úsáid agus a iompar,

(b) amuinisean a cheannach d'úsáid san arm tine, agus

(c) an méid sin amháin adéarfar sa deimhniú den amuinisean a bheith ar seilbh agus ar iompar aige aon uair áirithe

Soláthróidh an t-iarratasóir i scríbhinn aon eolas eile atá á iarraidh ag daoine eisiúna an Gharda Síochána atá ag comhlíonadh a gcuid dualgais faoin alt seo.

ARM TINE SRIANTA NÓ NEAMHSHRIANTA?

Tugtar aird ar Ionstraim Reachtúil Uimh, 337 de 2009: An tOrdú um Airm Tine (Airm Tine Srianta agus Lámhaigh) (Leasú) a leasaíonn Ionstraim Reachtúil Uimh 21 de 2008. Tá an Ionstraim Reachtúil tar éis airm tine áirithe a dhearbhú a bheith neamhshrianta agus cineálacha áirithe lón lámhaigh a bheith srianta. Déanann an I.R. foráil go mbeidh piléarlann de chumas nach mó ná 5 urchar ag na piostail targaide caighdeánach Oilimpeach seo agus nach mbeidh an bairille 10 cm ar fad. Leanfar iarratais ar dheimhniú airm tine le haghaidh na gearr airm tine seo a bheith á dhéanamh chuig an gceannfort áitiúil agus déanfar machnamh air faoin reachtaíocht nua. Déantar liosta de na hairm tine a thagann faoin sainmhiniú de mhír 4(2)(e)(iii) den Ordú Airm Tine (Airm Tine Srianta agus Lón Lámhaigh) 2008, arna leasú, in Aguisín '**F**' de na Treoirlínte seo.

Faoin reachtaíocht seo, sainmhínítear aon ghunna láimhe nach dtagann faoin sainmhíniú de réir mar a shonraítear é san I.R. mar arm tine srianta. Ní dhéanfar machnamh ar na hiarratais nua le haghaidh na gearr airm tine srianta seo (seachas le haghaidh gearr airm tine as ucht a shealbhaigh an t-iarratasóir deimhniú airm tine dó ar an nó roimh an 19ú Samhain 2008) tar éis tosach feidhme a chur le halt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 le gairid.
Le scéal fada a dhéanamh gairid, tiocfaidh aon raidhfil láir-lámhaigh thar chailibre de .308 n-orlach (7.62mm) nó aon raidhfil láir-lámhaigh a bhfuil a fhad iomlán níos lú ná 90 centimetre isteach sa chatagóir airm tine srianta. Anuas air sin, tiocfaidh gunna gráin ar féidir leis níos mó ná 3 cartús (muna n-athraítear é chun gan níos mó ná 3 cinn a shealbhú) a shealbhú isteach sa chatagóir airm tine srianta agus déanfaidh ard-cheannfort

machnamh anois ar iarratais ar dheimhnithe airm tine do gach arm tine srianta (féach Aguisín'D': **Ní bheidh** 'Gunnaí an Chlub' ina n-airm tine srianta).

RIACHTANAIS ATÁ LE COMHLÍONADH I GCÁS IARRATAIS AR DHEIMHNITHE AIRM TINE SRIANTA AGUS NEAMHSHRIANTA ARAON

Faoi alt 4 d'Acht na nArm Teine, 1925, arna chur in ionad ag alt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, ní dheonóidh an Ceannfort Garda nó an tArd-Cheannfort iomchuí deimhniú airm tine mura rud é gur deimhin leis nó léi go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha seo a leanas agus go leanfaidh an t-iarratasóir dá gcomhlíonadh le linn ré an deimhnithe:

1 Tá cúis mhaith ag an duine aonair chun gá a bheith aige nó aici leis an arm tine ar ina leith a dhéanfar iarratas ar an deimhniú.

(Chomh maith le haclaíocht an duine aonair a mheasúnú chun airm tine a shealbhú, tá "Cúis Mhaith" ar cheann de na réimsí is substantúla agus is casta de lánroghnú a mbainfidh an ceannfort Garda agus an tArd-cheannfort iomchuí feidhm as nuair atá cinneadh á dhéanamh aige nó aici cibé deimhniú airm tine a dheonú do dhuine aonair. (Féach ar Chaibidil 3 le haghaidh breis treorach).

2 Féadfar a cheadú don duine aonair an t-arm tine agus an lón lámhaigh a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan aon chontúirt do shábháilteacht ná do shlándáil an phobail nó don tsíocháin agus,

3 Níl an duine aonair ina dhuine a ndearbhaítear ina leith leis an Acht seo gur duine é nó í nach bhfuil i dteideal deimhniú airm tine a shealbhú . (Féach ar Aguisín 'A' le haghaidh treorach níos faide).

4 Sholáthair an t-iarratasóir cóiríocht dhaingean don arm tine agus don amuinisean san áit a mbeidh sé le coimeád. (Féach ar Aguisín 'C' le haghaidh treorach níos faide).

5 Comhlíonann an duine aonair cibé coinníollacha eile (más ann) a shonraítear sa deimnhniú airm tine, lena n-áirítear aon choinníollacha den sórt sin a bheidh le comhlíonadh roimh dháta sonraithe de réir mar a mheasfaidh an duine eisiúna is gá ar mhaithe le sábháilteacht nó slándáil an phobail. (Féach ar Chaibidil 3 le haghaidh treorach níos faide).

6 I gcás inar raidhfil nó piostal , atá le húsáid le haghaidh lámhaigh targaide, an t-arm tine, is comhalta de chlub raidhfil nó piostal údaraithe an duine aonair faoi alt 4A d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur isteach le halt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil , 2006.

7 Féadfaidh comhalta den Gharda Síochana iniúchadh a dhéanamh ar an gcóiríocht a sholáthraíonn iarratasóir ar dheimhniú airm tine i gcomhair airm tine nó a cheangal ar an iarratasóir cruthúnas a sholáthar go bhfuil an chóiríocht sin ann.

8 Féadfaidh an ceannfort nó an tArd-Cheannfort iomchuí faoi alt 4(3) d'Acht na nArm Teine 1925 arna cur isteach le halt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 an méid seo a leanas a bheith ag teastáil mar thacaíocht ar iarratas**:**

(a) Cruthúnas ar chéannacht – áit nach bhfuil an t-iarratasóir ar aithne go pearsanta ag comhalta den Gharda Síochana, ní mór doiciméid aitheantais ina bhfuil grianghraf an tsealbhóra ar nós pas bunaidh nó ceadúnas tiomána nó cruthúnas sásúil ar chéannacht a thabhairt ar aird don chomhalta a fhaigheann an t-iarratas.

(b) Cruthúnas ar inniúlacht i dtaca le húsáid an airm tine nó lón lámhaigh lena mbaineann an t-iarratas - ag brath ar imthosca gach cás, féadfar machnamh a dhéanamh ar dhuine aonair a bhfuil deimhniú ina sheilbh aige / aici cheana féin (gan aon chiontuithe faoi Achtanna na nArm Tine, 1925-2009) ar feadh tréimhse de íosmhéid 1 bliain cruthúnas ar inniúlacht a bheith comhlíonta. Féadfaidh céad-iarratasóirí ar dheimhnithe airm tine a thaispeáint go bhfuil méid áirithe inniúlachta faighte acu in úsáid na n-arm tine tríd an duine eisiúna a shásamh go bhfuil siad tar éis freastal ar chúrsa oiliúna airm tine, nó go bhfuil siad tar éis dul isteach i gclúb údaraithe raidhfil nó piostail nó raon chun críche inniúlacht a fháil in úsáid airm tine, nó a bhfuil deimhniú oiliúna airm tine a bheith deonta dóibh roimhe seo.

Ní mór do dhuine eisiúna a bhfuil tasc aige nó aici machnamh a dhéanamh cibé deimhniú airm tine a dheonú nó gan a dheonú do dhuine aonair, a bheith sásta nach bhfuil sábháilteacht an phobail i gcontúirt nuair atáthar ag déanamh na gcinntí seo. Ba cheart do dhaoine eisiúna aird a thabhairt áfach nach dteastaíonn ón Acht ach cruthúnas ar inniúlacht. Níl aon ghá le cruthúnas inniúlachta in úsáid airm tine, ar nós saineolas maidir le lámhach targaide agus mar sin de nuair atá machnamh á dhéanamh ar chruthúnas ar inniúlacht.

(c) Toiliú scríofa i gcomhair aon fhiosruithe a dhéanamh i ndáil le stair leighis an iarratasóra a dhéanfaidh an duine eisiúna, nó a dhéanfar thar a cheann nó thar a ceann, chuig gairmí sláinte – Ní bheidh gá dul I dteagmháil le haon dochúir nó siciatraí duine aonair ach amháin san áit a léiríonn na himthosca riachtanas chun é sin a dhéanamh.
TABHAIR FAOI DEARA: Ní mór alt 2.2 den fhoirm iarratais FCA1 a bheith comhlánaithe ina iomláine ag gach iarratasóir ar dheimhniú airm tine. (Féach ar Aguisín 'B' le haghaidh treorach níos faide).

(d) Ainmneacha agus seoltaí 2 mholtóir a d'fhéadfaí dul i dteagmháil leo chun carachtar an iarratasóra a fhiannú – ba cheart do mholtóirí a bheith ina ndaoine fásta freagrachta agus, toisc go bhféadfaidh an duine eisiúna dul i dteagmháil leo agus an t-eolas a sholáthraíonn siad a fhíorú, is fearr go gcónaíonn siad sa Stát. De bharr go bhfuil 2 mholtóir ag teastáil, d'fhéadfadh sé a bheith cuí idirdhealú a dhéanamh maidir le nádúr feasa an iarratasóra mar shampla, aon mholtóir amháin a bhfuil eolas caidrimh

aige nó aici ar an iarratasóir cosúil le gaol gairid agus an duine eile, fad a bhfuil aithne ar an iarratasóir go maith m.sh. I gcomhthéacs shóisialta nó oibre le os cionn 5 bliana anuas, nach bhfuil ina ghaol. I gcás an iarratasóra nach bhfuil tar éis a bheith cónaithe i bhfad sa Stát, is leor moltóir atá in ann eolas ar an iarratasóir a léiriú atá inghlactha don Gharda Síochána. Ní mór do mholtóir a bheith de dhea-charactar agus beidh sé neamhspleách ar an bpróiséas deimhnithe. (Féach ar Aguisín 'B' le haghaidh treorach níos faide).

Riachtanais Breise i gcás iarratais ar dheimhniú airm tine srianta agus srian ar cheadúnú gearr airm tine

Tá ceangal ag alt 3 d'Acht na nArm Teine 1925 arna leasú, le hiarratas ar dheimhniú airm tine srianta a bheith déanta don Choimisinéir atá tar éis a fheidhm faoin alt seo a tharmligean d'ard-cheannfoirt an Gharda Síochána.

Ní mór d'ard-cheannfort a bheith sásta maidir leis na riachtanais seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann an t-iarratasóir go huile agus go hiomlán na coinníollacha dá ndéar foráil le halt 4 d'Acht na nArm Teine 1925 arna leasú ag alt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, is é sin, na coinníollacha i gcás an iarratais ar arm tine neamhshrianta (de réir mar atá leagtha amach thuas).

(b) go bhfuil cúis mhaith agus leorchúis ag an iarratasóir chun gá a bheith aige nó aici leis an arm tine gur ina leith a dhéantar iarratas ar an deimhniú agus,

(c) Gur léirigh an t-iarratasóir gurb é an t-arm tine an t-aon saghas airm is cuí chun na críche dá bhfuil gá leis

Is é an bunús atá leis an gceangaltas seo ná go ndeonfar daoine aonair deimhniú airm tine amháin nuair nach gcomhlíonófar deimhniú neamhshrianta an cúspóir céanna le harm tine srianta. Folaíonn '*Cúis Mhaith'* chun gá a bheith le harm tine srianta míniúchán maidir le cén fáth nach gcomhlíonófar arm tine neamhshrianta chun na críche dá bhfuil gá leis.

Tá aird á tharraingt ar alt 3D d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur isteach le halt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Déanann an t-alt seo foráil nach ndéanfar machnamh ar aon iarratas ar dheimhniú airm tine i leith airm tine ghearr seachas iarratas orthu seo a leanas-

a) Feiste atá in ann armlón neamhphiléara a chaitheamh agus atá le húsáid mar ghunna tosaithe nó gunna scaoilte armlóin neamhphiléara

b) Arm tine gearr de chineál a shonraítear in Ordú um Airm Thine (Airm Tine Shrianta agus Armlón Srianta) (Leasú) 2009 (I.R. Uimh: 337 de 2009) agus atá deartha lena úsaid mar a shonraítear amhlaidh;

c) Arm tine gearr ar shealbhaigh an t-iarratasóir ar an deimhniú airm tine ina leith ar an 19 Samhain 2009 nó roimhe

TABHAIR FAOI DEARA: Aon deimhniú airm tine i leith airm tine ghearr, seachas ceann lena mbaineann *míreanna (a) go (c) thuas*, a deonaíodh idir an 19 Samhain 2008 agus dáta thosach feidhme an ailt seo atá i bhfeidhm , beidh sé **arna chúlghairm**.

DEIMHNIÚ OILIÚNA ARM TINE

Baineann alt 2A d'Acht na nArm Tine 1925 arna chur isteach le halt 28 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 deimhnithe oiliúna arm tine. Déantar iarratas ar dheimhniú oiliúna arm tine chomh maith ar fhoirm FCAI agus tá sé 50% den tháille (€40) ar ghnáth dheimhniú airm tine. Eisfhoinsítear an próiséas íocaíochta freisin do An Post.

1 Féadfaidh an Coimisinéir (atá tar éis a chuid feidhmeanna a tharmligean faoin alt seo do chomhalta den Gharda Síochána de chéim an cheannfoirt), ar iarratas chuige sin agus ar an táille fhorordaithe a bheith íoctha, deimhniú oiliúna arm tine a eisiúint chuig duine os cionn 14 bliana d'aois. Údaraíonn sé seo don duine arm tine agus amuinisean a shealbhú (seachas arm tine srianta agus amuinisean srianta) sna cásanna seo a leanas amhain:

(a) A bheidh an t-arm tine á iompar agus á úsáid aige nó aici chun críocha fiaigh nó lámhaigh targaide –

(i) faoi mhaoirseacht duine shonraithe atá os cionn 18 mbliana d'aois agus a shealbhaíonn deimhniú airm tine ina leith , agus

(ii) I gcás ina n-úsáidtear an t-airm tine le haghaidh lámhaigh targaide, in áitreabh club raidhfil nó piostail údaraithe nó ar raon lámhaigh údaraithe nó in áit eile atá údaraithe faoi alt 2(5) den Acht seo.

2 I gcás ina mbeidh an t-iarratasóir faoi bhun 16 bliana d'aois, beidh toiliú scríofa ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an iarratasóra ag gabháil leis an iarratas ar dheimhniú oiliúna arm tine.

3 I gcás ina ndiúltófar d'iarratas den sórt sin, déanfaidh an ceannfort an méid sin a chur in iúl don iarratasóir i scríbhinn agus tabharfaidh sé nó sí na cúiseanna leis an diúltú.

4 Leanfaidh deimhniú oiliúna airm tine i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta a deonaíodh é, mura rud é go gcúlghairtear é

5 Féadfaidh an ceannfort deimhniú oiliúna arm tine a chúlghairm más rud é go bhfuil sé nó sí den tuairim nach bhfuil na coinníollacha ar faoina réir a deonaíodh an deimhniú á gcomhlíonadh nó comhlíonta ag an sealbhóir

6 Aon sealbhóir ar dheimhniú oiliúna arm tine nach gcomhlíonfaidh , gan leithscéal réasúnach, na coinníollacha lena deonaíodh an deimhniú, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

7 Is cion é do shealbhóir ar dheimhniú airm tine, i leith an airm tine lena mbaineann an deimhniú oiliúna arm tine, a cheadú, gan leithscéal réasúnach, do shealbhóir an deimhnithe sin an t-arm tine a iompar nó a úsáid an fad is nach mbeidh sé nó sí faoi mhaoirseacht aige nó aici.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní cheadaíonn deimhniú oiliúna arm tine do shealbhóir an deimhnithe úinéireacht iarmhír a bheith ar arm tine. Má chuirtear an deimhniú airm tine lena mbaineann an deimhniú airm tine ar ceal nó má chúlghairmeofar é, stopfaidh an deimhniú oiliúna a bheith i bhfeidhm chomh maith.

AN CINNEADH A CHUMARSÁIDIÚ MAIDIR LE DEIMHNITHE ARM TINE A DHEONÚ

Déanann alt 3 d'Acht na nArm Teine 1925 arna leasú, foráil go ndéanfar cinneadh ar iarratas ar dheimhniú airm tine nó ar a athnuachan laistigh de 3 mhí ó dháta ar chuir an t-iarratasóir iarratas comhlánaithe faoi bhráid. Áit a dhiúltaítear an t-iarratas, cuirfear an t-iarratasóir in iúl i scríbhinn faoin diúltiú agus an chúis chuige sin. Muna ndéantar cinneadh ar iarratas laistigh de thréimhse 3 mhí ansin meastar ina leith gur diúltiú é seo faoi alt 15A d'Acht na nArm Teine 1925 arna leasú faoi alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006.

ACHOMHARC AR CHINNEADH I NDÁIL LE DEIMHNIÚ AIRM TINE A DHEONÚ

Cuireann alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 alt nua 15A isteach in Acht na nArm Teine 1925 chun foráil a dhéanamh do dhuine arb éagóir leis nó léi achomharc chun na Cúirte Dúiche laistigh de 30 lá ón tráth a fhaightear fógra diúltaithe. Féadfaidh sé seo a fholmhú aon cheann de na cinntí seo a leanas arna ndéanamh ag duine eisiúna. (Le haghaidh liosta iomlán féach alt 15A den Acht 1925) chun:

1 Diúltú deimhniú airm tine a dheonú nó a athnuachan faoi 3 den Acht; nó faoi alt 2 d'Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000,

2 Diúltiú deimhniú oiliúna arm tine a dheonú faoi alt 2A den Acht;

3 Diúltú údarú do chlub raidhfil nó piostail nó do raon lámhaigh a dheonú nó a athnuachan faoi alt 4A den Acht,

4 Deimhniú airm tine a chúlghairm faoi alt 5 den Acht,

5 Diúltú duine a chlárú, nó clárú a athnuachan, sa chlár de dhéileálaithe arm tine faoi alt 9 nó faoi alt 11 den Acht,

Féadfaidh an Chúirt ar an achomharc –

(a) An cinneadh a dhaingniú,

(b) Na himeachtaí a chur ar atráth agus a ordú don duine eisiúna an cinneadh a athbhreithniú i bhfiasnaise na n-imeachtaí achomhairc, nó

(c) An t-achomharc a cheadú.

DEIMHNITHE AIRM TIME A CHÚLGHAIRM AGUS DÍOL NÓ DIÚSCAIRT

Cuirtear alt 35 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, alt nua in ionad alt 5 den Phríomh-Acht.

Féadfaidh duine eisiúna aon tráth deimhniú airm tine arna dheonú ag an duine a chúlghairm más deimhin leis nó léi maidir le sealbhóir an deimhnithe –

(a) nach bhfuil cúis mhaith aige nó aici chun an t-arm tine a bheith aige nó aici,
(b) gur duine é nó í nach féidir a cheadú dó nó di, gan chontúirt do shábháilteacht nó slándáil an phobail nó don tsíocháin, arm tine a shealbhú,
(c) gur duine é nó í a ndearbhaítear ina leith leis an Acht gur duine é nó í nach bhfuil i dteideal deimhniú airm tine a shealbhú,
(d) go bhfuil an t-arm tine á úsáid aige nó aici chun críoch nach n-údaraítear leis an deimhniú
(e) nár chomhlíon sé nó sí coinníoll atá ag gabháil le deonú an deimhnithe, nó,
(f) gur cheadaigh sé nó sí, do shealbhóir an deimhnithe oiliúna sin an t-arm tine a iompar nó a úsáid fad nach raibh sé nó sí faoi mhaoirseacht ag sealbhóir an deimhnithe

Déanfaidh an duine eisiúna an chúis le deimhniú airm tine a chúlghairm a chur in iúl i scríbhinn do shealbhóir an deimhnithe. I gcás ina gcúlghairfear deimhniú airm tine, féadfaidh an duine eisiúna a ordú i scríbhinn go ndéanfaidh an sealbhóir an t-arm tine nó an t-amuinisean lena mbaineann nó iad araon a thabhairt suas chuig coimeád cheannfort an Gharda Síochána don cheantar ina gcónaíonn an sealbhóir nó chuig comhalta eile den Gharda Síochana a bheidh ag gníomhú thar ceann an cheannfoirt.

Ta alt 36 d'Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 tar éis alt 6 den Acht 1925 a leasú agus reachtaíonn sé do dhuine atá i seilbh airm tine nó amuinisean nuair a chúlghairtear deimhniú don arm tine nó don amuinisean sin. Sa chás seo beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas:

(1) déanfaidh an duine sin an t-arm tine nó an t-amuinisean a sheachadadh láithreach do cheannfort an cheantair ina gcónaíonn an duine,

(2) cuirfidh an ceannfort in iúl don duine i scríbhinn mar gheall ar a c(h)eart an t-arm tine a dhiúscairt ar aon mhodh nach bhfuil contrártha don dlí.

(3) muna bhfuil, taobh istigh de 3 mhí, socruithe déanta maidir lena dhiúscairt ag an duine, cuirfidh an ceannfort in iúl don duine i scríbhinn go ndíolfar an t-arm tine nó go ndéanfar é a scrios taobh istigh de thréimhse níos faide de 1 mhí. Íocfar na fáltais don duine.

(4) Féadfaidh an ceannfort an t-arm tine a scrios má bhí an t-arm tine á thairiscint do dhíol agus munar díoladh é, nó más den dearcadh é nach bhfuil sé dóchúil é a dhíol agus cuirfidh sé in iúl don duine i scríbhinn mar gheall ar an scrios sin.

CAIBIDIL 3: COINNÍOLLACHA A D'FHÉADFAÍ MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU ATÁ ÁBHARTHA NUAIR A DHEONAÍTEAR DEIMHNIÚ AIRM TINE AGUS CÁS-DLÍ

Déanann alt 4(2)(g) d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur in ionad ag alt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 foráil nuair atá deimhniú airm tine deonta go bhféadfar é a bheith faoi réir coinníoll nó na gcoinníollacha. Thairis sin i gcás Joseph Magee in aghaidh Patrick Murray agus Dennis Roche, breithiúnas a bhí seachadtha ag Birmingham J. san Ard-Chúirt ar an 24ú Samhain 2008, dearbhaigh sé go gceadaíonn an scéim reachtúil do cheannfort cíonníollacha a ghearradh nuair atá deimhniú airm tine á dheonú faoi Achtanna na nArm Tine.

Is mór na hoibleagáidí atá ar shealbhóirí ceadúnaithe airm tine chun a chinntiú go bhfuil airm tine á stóráil slán agus go daingean, agus go háirithe fad atáthar ag taisteal go dtí lámhach nó go dtí seilg.
Seo a leanas na coinníollacha a fhéadfar machnamh a dhéanamh orthu a bheith cuí (cé nach bhfuil an liosta seo ina cheann forleathan) le cur san áireamh ag ceannfort nó ag ard-cheannfort nuair atá deimhniú airm tine á dheonú:

- Níl sealbhú agus iompar aon arm tine lena n-áirítear arm tine gearr (bairille faoi bhun 30cm nó a fhad iomlán nach mó ná 60cm)/lón lámhaigh faoi cheilt ar an nduine go poiblí á cheadú ag aon tráth, seachas in imthosca gur ghá an sealbhú nó an iompar sin ar an duine chun críche dhleathach.

- I gcás piostail agus gunnaí féinlódála (leathuathoibríoch) féadfaidh machnamh a thabhairt don ghá chun gach gunna a thógáil as a chéile nuair nach bhfuil sé ar an raon san áit go bhfuil sé ar intinn é a bheith úsáidte le roinnt codanna is gá atá á choimeád ag an raon.

- Le linn iompair, ní mó d'airm tine a stóráil i gcónaí i gcás/muinchille, as radharc in ionad bagáiste feithicle atá faoi ghlas. Ní cheart go mbeadh teacht orthu láithreach ag an tiománaí ná ag aon phaisinéir.

- Ní cheart d'aon ghunna a lódáil le lón lámhaigh fad atáthar ag taisteal go dtí nó as lámhach.

- Áit gur féidir é, ba cheart boltaí raidhfil agus urstoc ghunnaí gráin, barr-sleamhnáin piostail agus piléarlainne a bhaint de agus iad a choimeád ar leithligh.

- Ní fhágtar an t-arm tine choiche taobh istigh de cheantar suí feithicle: cibé a bhfuil duine i láthair nó as láthair.

- Más gá an fheithicil a stop agus a fhágáil, ba cheart céimeanna réasúnta a thógáil chun sábháilteacht an airm tine atá i gceist a chinntiú. Is smaoineamh maith é chun aon rud a chur san ionad bagáiste rud a d'fhéadfadh a léiriú go bhféadfadh arm tine a bheith san fheithicil m.sh. éadaí seilge, bata stalcaireachta, scian seilge, déshúileach, cluana, hata seilge agus mar sin de.

ARM TINE NÓ LÓN LÁMHAIGH A SHEABHÚ, ÚSÁID AGUS A IOMPAR GAN BAGAIRT DO SHÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL NÓ DON TSÍOCHÁIN

Réitíodh nádúr phróiseas cinnteoireachta an cheannfoirt san Ard-Chúirt sa chás úd Thomas O' Leary v Superintendent Michael Maher, breithiúnas a seachadadh ag Clark J ar an 25ú Aibreán 2008 áit inar luaigh an breitheamh an méid seo a leanas:

> *Léiríonn Acht na nArm Teine 1925 gurb é an t-iarratasóir a gcaithfidh a bheith deimhnithe mar fholláin ag an gCeannfort chun arm tine a phróiseáil nó a úsáid. Ní hé an t-arm tine é féin atá ceadúnaithe don úinéir ach an t-úinéir atá údaraithe chun an t-arm tine áitithe a phróiseáil, a úsáid agus a iompar. …Is í an tsaincheist atá tábhachtach ná carachtar an iarratasóra, an chúis faoi cén fáth go dteastaíonn uaidh an t-arm tine áirithe agus cibé gur féidir an t-iarratasóir áirithe sin a bheith ceadaithe chun arm tine nó amuinisean a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan chontúirt do shábháilteacht an phobail ná don tsíocháin.*
>
> I bhfianaise an bhreithiúnais seo ba cheart do cheannfoirt aird a thabhairt ar a bheith ag réiteach, ní hamháin saincheist chailibre an airm tine, ach caithfidh siad freisin meáchain dóthain a thabhairt do charachtar an iarratasóra, an chúis faoi cén fáth an bhfuil gá ag an iarratasóir leis an arm tine áirithe agus cumas an iarratasóra chun an t-arm tine áirithe a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan chontúirt do shábháilteacht an phobail ná don tsíocháin.

CÚIS MHAITH A MHEASÚNÚ

Leagann an t-alt seo amach na saincheisteanna a d'fhéadfadh ceannfort nó ard-cheannfort mian a bheith aige nó aici machnamh a dhéanamh air maidir le "Cúis Mhaith" i gcásanna

aonair. Tuigtear léargas ar roinnt de na cúiseanna maithe níos comónta a d'fhéadfadh an duine eisiúna a cheapadh mar 'mhaith' do shealbhú airm tine agus amuinisean áirithe.

Tá an treoir seo go simplí léiritheach, agus d'fhéadfadh bualadh le cásanna nach bhfuil clúdaithe anseo, ach a d'fhéadfadh a bheith ina bhunús "Cúis Mhaith" ina ainneoin sin.

Cúis Mhaith chun airm tine a fháil i ndáil lena mbaineann an deimhniú

Tá an cás úd William Goodison v Superintendent D. J. Sheahan (An tArd-Chúirt, 2ú Bealtaine, 2008) inchiallaithe. Rialaigh Peart J i ndáil le "Cúis Mhaith" go bhfuil ceannfort i dteideal aird a thabhairt ar an arm tine áirithe agus an t-úsáid atá i gceist dó.

Ciallaíonn éifeacht an bhreithiúnais seo ná gur féidir leis an arm tine atá i gceist an bunús machnamh a dhéanamh ar an iarratas, ní hé sin an t-aon critéir le machnamh a dhéanamh air, ná ní hé an t-aon réasún diúltú don iarratas. Is gné suntasach é úsáid a bhaint as an arm tine maidir le cinneadh a dhéanamh cíbé an bhfuil 'Cúis Mhaith' ag an iarratasóir.

Ba cheart breitheamh a thabhairt ar gach cás ar a chuid fiúntais féin, agus a bheith aireach ar an riachtanas atá ann feidhm a chur leis an reachtaíocht ar mhodh cóir agus cothrom do gach iarratasóir. Ba cheart intinn deimhniú airm tine a fháil fíor-intinn a bheith i gceist i gcoitinne chun an t-arm tine a úsáid ar bhonn rialta.

Breithiúnas McCarron – Contrártha do Rialú na hArd-Chúirte

Sa chás úd McCarron v Superintendent Kearney (An tArd-Chúirt, 4ú Iúil 2008) diúltaíodh iarratas ar dheimhniú airm tine ar an mbonn nach raibh an ceannfort sásta go raibh 'Cúis Mhaith' ag an iarratasóir chun an gunna áirithe a fháil. Rinne an t-iarratasóir agóid i gcoinne an chinnidh agus tháinig an cás aníos le haghaidh éisteachta roimh An Uasal Breitheamh Charleton. Dhiúltaigh Charleton J. cinneadh an cheannfoirt a neamhniú. Ós ag déanamh amhlaidh dhiúltaigh sé argóint an iarratasóra :

> *An dá luath agus a dhéanann duine iarratas de mheon macánta, a lorgaíonn deonú deimhniú airm tine ó cheannfort , ansin ar an gcoinníoll nach bhfuil aon rud óna theideal arm tine a shealbhú agus chomh luath agus atá sé tar éis a léiriú go bhfuil sé tar éis a bheith oilte ina úsáid, ní mór dó a bheith deonta deimhniú airm tine i leith an airm tine. Tá sé curtha faoi bhráid nach bhfuil aon lánroghnú ag ceannfort maidir le deimhniú airm tine a dheonú, is cuma faoi nádúr an airm marfach dá bhfuil an ceadúnas á lorg.*

Tá argóint déanta ag an iarratasóir chomh maith nach bhféadfadh an ceannfort machnamh a dhéanamh ar cheisteanna sábháilteachta an phobail maidir lenar shásaigh an t-iarratasóir ar dheimhniú airm tine ceanglas alt 4 (a), is é sin, cibé an raibh cúis mhaith aige chun an t-arm tine a fháil. Dhiúltaigh Charleton J. an argóint seo chomh maith. Dúirt an Breitheamh:

> *Tá mé den tuairim faoin reachtaíocht go bhfuil dualgas ar iarratasóir ar dheimhniú airm tine, an freagróir a shásamh go bhfuil réasún maith aige nó aici chun an t-arm tine a fháil i leith a bhfuil iarratas déanta ar an deimhniú. Déanann an fhoclaíocht shonrach faoin Acht soiléir é gur ábhair iad ar fad*

machnamh ar shábháilteacht an phobail, ord maith an phobail agus leathadh airm taobh istigh de cheantar áirithe agus taobh istigh den phobal i gcoitinne, is féidir le ceannfort an Gharda Síochána agus go mba cheart dó a thabhairt san áireamh.

… I gcoitinne dá contúirtí an t-arm, is ea is mó an dualgas atá ar dhuine atá ag déanamh iarratais ar dheimhniú airm tine chun a thaispeáint go bhfuil cúis mhaith aige nó aici ag iarraidh seilbhe agus úsáide as an arm áirithe . Faoin Acht, féadfar machnamh ar chailibre, cineál amuinsean go bhféadfaí a úsáid, éifeacht mharfach nó contúirt thar cén achar, luas an amuinisean agus méid agus cruth an ghunna agus an t-úsáid a d'fhéadfadh a bhaint as arm tine a bheith ina gnéithe soiléir a bhfuil tábhacht ard ag baint leo. Tá sé curtha faoi bhráid ag abhcóide don fhreagróir chun an ceanglas atá in alt 4(a) den Acht a chur in áit ceann a bhfuil riachtanas le hiarratasóir iarratas a dhéanamh de mheon macánta , ná an cuspóir reachtaíochta a bhaint de san áit go gcaithfidh iarratasóir ceannfort sa cheantair a shásamh ina bhfuil cónaí air go bhfuil cúis mhaith aige chun an t-arm tine áirithe a shealbhú i leith a bhfuil sé tar éis deimhniú a lorg, agus chun córas a chur ina ionad sán áit a bhfuil féin deimhniúcháin chun críche airm mharfacha a cheadúnú. Tá an aighneacht úd i gceart.

… Níl sé taobh istigh den scéim reachtaíochta deimhniú airm tine a eisiúint d'aon duine aonair ar mhian leis go simplí seilbh a bheith aige ar arm áirithe do spóirt, is cuma cad é a chailibre luas a chuid diúrachaine nó an féidireacht speisialta maraithe.

Dá bhrí sin, is léir gurb é breithiúnas McCarron an t-údarás dá thairiscint gur féidir le ceannfort machnamh a dhéanamh ar réimse leathan gnéithe agus saincheisteanna nuair atá cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil an t-iarratasóir ar dheimhniú airm tine tar éis é a shásamh go bhfuil cúis mhaith aige chun an gunna áirithe a fháil. I measc na ngnéithe sin tá sábháilteacht an phobail, ord maith an phobail, leathadh airm, agus an chontúirt a bhaineann leis an ngunna (lena n-airítear cúrsaí cailibre, cinéal amuinisin , an chontúirt marfach nó contúirt an achair lámhaigh , luas an amuinisean, agus méid agus cruth an ghunna agus an t-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as).

Lean Charleton J. ar aghaidh á rá:

Ní ghlacaimse sa chás seo go raibh míthuiscint ag an bhfreagróir ar a chuid cumhachtaí faoi alt 4(a) d'Acht na nArm Teine, 1925 arna leasú ina ionad sin ba é an cinneadh ar cheann de na cinn a raibh sé I dteideal a dhéanamh.

Ag féachaint don méid ata thuas, dealraíonn sé gur shroich Clark J. conchlúid difriúil in O'Leary v Maher. Dealraíonn sé go raibh an Breitheamh ónórach tar éis a choimeád nach féidir le ceannfort , nuair atá machnamh á dhéanamh ar alt 4(a) ar chumas an iarratasóra chun an gunna áirithe a úsáid go sábháilte agus nach féidir le ceannfort aird a bheith aige ar na saincheisteanna sábháilteachta níos leithe agus ar na cúrsaí a dtagraítear dóibh in McCarron.

Ó thaobh sé seo de, luaigh Charleton J.:

> *Chomh fada agus go bhfuil difríocht idir mo chinneadh maidir leis seo, ón gceann atá ag Peart J. in Goodison v Sheahan, (Neamhthuairiscthe 2ú Bealtaine , 2008 An tArd-Chúirtt) agus ceann Clarke J. in O' Leary v Maher, (Neamhthuairiscthe 25ú Aibrean, 2008 An tArd-Chúirt) faighimse mé féin gan a bheith ábalta na cinntí sin a leanúint.*

Is léir go bhfuil breithiúnais neamhréireacha den Ard-Chúirt anois. Ní féidir an staid dlíthiúil ach a bheith réitithe ag an gCúirt Uachtarach. Ní mór a threisiú nach féidir an staid mar atá ráite in McCarron a bheith feicthe mar an staid socraithe.

Ba cheart a bheith cairéiseach nuair atáthar ag plé le cásanna san áit a dtugann an t-iarratasóir cúis animiúil chun seilbh a bheith ar airm tine ach féadfaidh siad aidhmeanna fholaigh a bheith acu. Ba cheart fiosruithe réasúnta a dhéanamh chun "Cúis Mhaith" an iarratasóra a fhíorú le haghaidh seilbh a bheith aige nó aici ar airm tine. Mar shampla, ní hionann mian úinéireacht simplí a bheith agat ar sort áirithe airm tine ann féin ina "Cúis Mhaith" gan a thuilleadh fianaise tacaíochta de na hintinní dá úsáid. Beidh gá ag "Cúis Mhaith" mar sin a bheith léirithe do gach arm tine atá le sealbhú.

Féadfar iarratas maidir le fiosruithe réasúnta ar údaráis scríofa a chur san áireamh, chomh maith leis an dóchúil speiseas cairéil a bheith i láthair a fhíorú; oiriúnacht na talún do na hairm tine a iarrtar i gcomhréir le taithí an iarratasóra. D'fhéadfadh na hábhair eile le machnamh a dhéanamh orthu mar a gcuid údaráis chun lámhach ar an talamh agus, i gcás lámhachóirí targaide , fíorú ar raidhfil údaraithe, club piostail nó ballraíocht de raon lámhaigh. Féadfar ballraíocht ar chlub lámhaigh géim a bheith ina ábhar machnaimh chomh maith. Is iad seo samplaí den eolas breise a d'fhéadfadh an daoine eisiúna a iarraidh ón iarratasóir.

CAIDIDIL 4: CLUBANNA RAIDHFIL AGUS PIOSTAIL AGUS RAONTA LÁMHAIGH

ÚDARÚ CLUBANNA RAIDHFIL AGUS PIOSTAIL AGUS RAONTA LÁMHAIGH DO LÁMHACH TARGAIDE

Cuireann alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 a cuireadh tosach feidhme leis ar an 1ú Lúnasa 2009, alt nua 4A isteach sa Phríomh-Acht agus déanann sé foráil d'údarú clubanna raidhfil agus piostail agus raonta lámhaigh. **TABHAIR FAOI DEARA**: tá alt 4(2)(e) d'Acht na nArm Tine 1925 arna chur isteach le halt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 tar éis foráil a dhéanamh san áit a bhfuil duine ag déanamh iarratais ar dheimhniú airm tine le haghaidh raidhfil nó piostail do lámhach targaide, ní mór don duine aonair sin a bheith ina chomhalta de chlub údaraithe raidhfil nó piostail.

Folaíonn lámhach targaide úsáid na n-arm tine do spóirt agus do chaitheamh aimsire. Beidh ballraíocht de chlub áirithe i gcoitinne ina eochar ''Cúis Mhaith'' an iarratasóra agus ina fhócas ar cuid mhaith dá ngníomhaíocht lámhaigh. Déanfar iarratas ar údarú do raidhfil nó do chlub piostail nó do raon lámhaigh don Choimisinéir (atá tar éis a chuid

feidhmeanna a tharmligean do chomhaltaí den Gharda Síochána de chéim an cheannfoirt) don cheantar ina bhfuil an club nó an raon suite. Déanfaidh oifigeach údaraithe an chlub iarratas nó úinéir nó oibritheoir an raoin lámhaigh ar an bhfoirm forordaithe FRPC1, agus beidh sé i dteannta an táille forordaithe de €1,000. Níl an próiséas íocaíochta faoin alt seo tar éis a bheith eisfhoinsithe do An Post. Beidh foirmeacha iarratais ar na húdaraithe seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie.

Leagann Ionstraim Reachtúil Uimh. 308 de 2009 Na Rialacháin (Clubanna Sibhialtach Raidhfil agus Piostail) , 2009, amach na híoschaighdeáin go huile agus go hiomlán atá le cloí leo ag na clubanna seo maidir le slándáil, bainistíocht agus ballraíocht. Tagróidh Ionstraim Reachtúil nua ar údarú Raonta Lámhaigh Airm Tine d'íoschaighdeáin do shlándáil, bhainistíocht, bhallraíocht, agus dearadh na raonta lámhaigh agus réiteoidh sé freisin na cineálacha airm tine le bheith úsáidte agus an leibhéal inniúlachta daoine a bheidh ag úsáid an raoin.

Thug alt 4A d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur isteach ag alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 tar éis an riachtanas a thabhairt isteach d'aon raon lámhaigh deimhniú raoin arm tine a bheith i bhfeidhm, roimh iarratas a chur faoi bhráid an cheannfoirt ábhartha d'údarú faoin Acht. Eisítear an deimhniú raon airm tine ag Cigire Raonta Arm Tine atá ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ba cheart iarratais ar dheimhniúchán raoin a dhéanamh chun na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí , ar an bhfoirm iarratais cuí, ag úinéir nó oibritheoir an raoin lámhaigh. Fanfaidh údarú faoin alt seo i bhfeidhm go ceann tréimhse cúig bliana, mura rud é go gcúlghairtear é.

Nuair a dhéantar machnamh ar iarratas ar údarú do chlub raidhfil / piostail nó do raon lámhaigh faoin alt seo, ba cheart aird a bheith ag ceannfoirt ar an alt nua 33 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) , 2009 a thug isteach alt nua 4C in Acht na nArm Teine 1925. Toirmisceann alt 4C anois 'lámhach praiticiúil nó dinimiciúil'. (Seachas san áit a bhfuil údarú faoi alt 2(5)(a) den Acht 1925 agus an fuinneamh béil níos lú ná 16 ghiúl m.sh. marcóirí do mhillíní péinte). Dlífear aon duine a bheidh ciontach i gcion ar díotail faoi alt 4C fíneáil nach mó ná €20,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana nó iad araon a chur air nó uirthi. Is é an sainmhíniú atá ar 'lámhach praiticiúil nó dinimiciúil' ná: 'aon chineál gníomhaíochta ina n-úsáidtear airm thine chun comhrac nó oiliúint le haghaidh comhraic a insamhladh'.

Ba cheart do gach ceannfort eisiúna a chinntiú go bhfuil gach club raidhfil agus piostail agus raonta lámhaigh atá údaraithe faoin reachtaíocht seo gafa ar PULSE mar eagraíocht. Beidh cóip de na húdaraithe sin a eisítear faoi alt 4A d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur isteach le halt 33 den Acht 2006 curtha ar aghaidh lom láithreach chuig An tAonad um Pholasaí na nArm Tine , Ceanncheathrú an Gharda Síochána, a mbeidh freagracht aige chun clár a choimeád ar na clubanna agus na raonta seo thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochana. Cuirfear cóip d'aon chúlghairm club nó raion faoin alt seo láithreach bonn chuig An tAonad um Pholasaí na nArm Tine chun a chinntiú go bhfuil an clár á choimeád go cuí.

Níl ionaid lámhaigh chlé phláta agus millín péinte aicmithe mar raonta lámhaigh faoin alt seo de bharr nach mbaineann an t-alt seo ach le raonta targaide raidhfil agus piostail. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach go sainmhínítear millíní péinte mar airm tine faoi

Achtanna na nArm Tine, agus ní mór do dhaoine aonair ar mian leo na hairm tine seo a shealbhú, a úsaid agus a iompar, dul i mbun an phróisis iarratais céanna le haon iarratasóir eile ar dheimhniú airm tine. Gabhfar na marcóirí seo mar 'Eile' ar an bhfoirm iarratais FCA1 faoi 'cailibre'.

Féadfaidh úinéirí raon do mhíllíní péinte , ar údarás scríofa ón gceannfort áitiúil faoi alt 2(4)d d'Acht na Arm Teine 1925, maróirí club/gunnaí a shealbhú ag raon do mhillíní péinte. Ní bheidh aon ghá ag na raonta seo áfach le deimhniúcháin ag Cigire na Raonta Airm Tine de bharr nach meastar iad a bheith ina raonta lámhaigh faoin reachtaíocht nua.

De bharr go bhfuil gá ag airm tine srianta anois le deimhniúchain ag ard-cheannfort, beidh 'club gunnaí' faoi údarú ó cheannfort, teoranta anois d' airm tine neamhshrianta. (Féach ar údaraithe Aguisín 'D' le haghaidh tuilleadh treorach).

CEAD PLEANÁLA DO RAONTA LÁMHAIGH

Ba cheart an fíric nach bhfuil an próiséas iarratais pleanála - le haghaidh raoin lámhaigh a bhfuil gá aige le húdaraithe faoi alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 – tagtha chun críche fós, gan cosc a chur le hiarratas ar údarú ag dul ar aghaidh. I gcás duine eisiúna den Gharda Síochána áfach teacht ar an eolas mar gheall ar go bhfuil an cead pleanála do raon údaraithe diúltaithe, ba cheart machnamh tromchúiseach a thabhairt don údarú a chúlghairm.

IDIRCHAIDREAMH AN GHARDA SÍOCHÁNA LE CLUBANNA GUNNA ÁITIÚLA

Tá sé molta go mba cheart do cheannfort de gach ceantar, nó ionadaí atá ainmnithe ag an gceannfort, bualadh níos lú ná faoi dhó sa bhliain, le hionadaí de gach club guhnna ina gcuid réimsí chun aon fhadhbanna nó saincheisteanna a phlé maidir le ceadúnú airm tine. Is féidir leis na cruinnuithe seo a bheith comhthairbhe don Gharda Síochána agus do na clubanna gunna araon agus tá siad i measc na bpríomhmholtaí atá i dtuarascáil An Bhreithimh Uasail Barr i 2006 ina chuid thuaisisc ar airm tine.

Ba cheart do dhaoine aonair atá tar éis ballraíocht de chlub cré phláta nó club géim lámhaigh , mar shampla, mar chuid dá g'Cúis Mhaith' as ucht deimhniú airm tine a bheith acu a bheith aireach má ligeann siad a gcuid ballraíochta den chlub in éag ar aon thréimhse le linn ré an deimhnithe, go bhféadfaidh sé seo a bheith ar fhoras a gcuid deimhniú airm tine a chúlghairm.

CAILIBRE AGUS DÉANAMH NA NARM TINE AGUS TREOIR MAIDIR LE HOIRIÚNACHT ÚSÁIDE

Tá an t-eolas seo a leanas mar threoir don cineál arm atá níos oiriúnaí don ghníomhaíocht áirithe lámhaigh ar a bhfuil gá leo. Tá sé ar intinn cúnamh a thabhairt do na húdarais eisiúna maidir le tuiscint ar an fáth ar mian le hiarratasóirí a gcuid airm tine a úsáid chun críche difriúla. Níl an liosta uileghabhach ach féadfaidh sé treoir comónta a thabhairt don Gharda Síochána agus don phobal mar an gcéanna:

AIRM TINE OIRIÚNACHA DO LÁMHACH TAIRGAIDE AGUS DO LÁMHACH CRÉ-PHLÁTAÍ – TREOIR MAIDIR LE CINEÁL AGUS CAILIBRE

Raidhfil

Ba cheart do raidhfilí a bheith ina n-urchar singil nó ina n-oibriú bolta le cailibre suas le .308 n-orlach. (7.62mm). Is féidir aistriú a bheith idir raidhfilí a n-úsáidtear don tseilg nó iad siúd do lámhach targaide. Tá raidhfilí atá ceaptha d'úsáid oirbheartaíochta míleata/póilíneachta nó le cumas mór piléarlainne níos contúirtí agus ní dhéanann an difríocht eatharthu agus gnáthraidhfilí iad níos oiriúnaí do lámhach targaide agus do lámhach chlé. Baineann an rud ceanann céanna le raidhfilí atá ina malairtí raidhfilí ionsaithe míleata, bulladóiríní le stoic fillte nó teileascóip nó leathuathoibríoch cailibre láir-lámhaigh. Ba cheart fad bairille de níos mó ná 50cm a bheith ag raidhfilí le bheith slán sábháilte.

Piostail

Is ionstraim cruinn é piostal targaide lámhaigh atá ceaptha do chomórtais ar nós iad siúd atá feicthe ag na Cluichí Oilimpeacha. Is iad .177 aer mp .22 orlach cailibre imeall-lámhaigh (.22 orlach fada, .22 orlach raidhfil fada). Tá na piostail seo so-athraithe don lámhachóir agus tá toilleadh beag piléarlainne acu (suas le 5 uarchar). Tá na piostail seo difriúil i gcruth do agus ní dócha go mbeidh siad ina choir thuathail leo siúd atá ceaptha d'úsáid ag fórsaí míleata / póilíneachta in achrainn comhraic le coimhlinteoirí. Liostáiltear déanaimh agus múnlaí oiriúnacha chun na críche seo i dTreoirlínte an Choimisinéara ar cheadúnú airm tine.

Gunnaí Gráin

Is dé-bhairille agus leithead 12 iad gunnaí gráin le haghaidh comórtais chlé phláta i gcoitinne. Úsáidtear gunnaí gráin pumpála nó leathuathoibríocha uaireanta i gcomórtais áitiúla nó pharóiste; bíonn gunnaí gráin a bhfuil greamáin piostail feiceálach nó fillteach nó stoic teileascópacha acu nó toilleadh piléarlainne a ligeann do níos mó ná trí (3) cartús le bheith lódailte sa ghunna gráin níos contúirtí agus ní bhíonn siad níos éifeachtaí. Maidir le machnamh a dhéanamh ar iarratais ar ghunnaí gráin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh iarratais ar bhairille singil, dé-bhairille (taobh le taobh agus thar agus faoi bhun araon) agus múnlaí leathuathoibríocha i gceist leis an gcuid is mó de na hiarratais. Baintear úsáid astu seo go príomha chun éin agus ainmhithe beaga a sheilg. Ba cheart do ghunnaí gráin, le bheith sábháilte, bairille a bheith acu nach lú ná 61cm ar fad agus ba cheart iad gan a bheith cosúil le harm tine oirbheartaíochta nó comhraic.

CAIBIDIL 5: DEILEÁILITHE CLÁRAITHE AIRN TINE AGUS 'AIRSOFT' – BRÉAG-AIRM RÉALAÍOCHTA

DEILEÁILITHE CLÁRAITHE AIRM TINE

Ta alt 38 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 tar éis alt 9 den Phríomh-Acht a leasú. Leanfaidh clárú duine sa chlár de dhéileálaithe arm tine de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana mura rud é go ndéantar é a chúlghairm roimhe sin. Tá an clár á choimeád ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Leasaíonn alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 ar alt 10 den Phríomh-Acht agus tugann sé isteach catagóir nua de dhéileailaí arm tine srianta arna údarú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Leanfaidh clárú duine faoin alt seo i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana muna bhfuil cúlghairm déanta air roimhe seo.

Tá alt 36 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ag teacht in ionad alt nua, alt 17 d'Acht na nArm Teine 1925. Níl tosach feidhme tar éis a bheith curtha leis an alt seo fós áfach agus tá feidhm ag alt 17 fós.

AIRSOFT – AIRM TINE BRÉIGE RÉALAÍOCHA

Cuireann alt 40 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 naoi gcinn d'altanna nua i ndiaidh alt 9 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990 agus tá sé ag déileáil le rialú arm tine bréige réalaíoch nach bhfuil os cionn aon **joule** amháin i bhfuinneamh béil agus dá bhrí sin ní thagann sé faoi shainmhíniú arm tine in alt 1(1) d'Acht na nArm Teine 1925 arna leasú ag alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006.

Tabhair faoi deara: Ní raibh tosach feidhme ach ag ailt 9A agus 9B tar éis 1ú Lúnasa 2009. Beidh tosach feidhme ar an gcuid eile de na haltanna seo ar dháta níos faide anonn.

Déanann alt 9B foráil anois á rá go bhféadfaidh Ceannfort aon cheantair a údarú i scríbhinn airm thine bréige réalaíocha a shealbhú, a úsáid nó a iompar sa cheantar sin in áit sonraithe le linn cibé tréimhse, nach faide ná bliain (féach ar Aguisín 'D'maidir le húdaraithe).

Déanfaidh alt 9C foráil go gcuirfidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi deara clár de na déileálaithe arm tine bréige réalaíoch seo a bhunú agus a choimeád. Leanfaidh clárú duine sa chlár seo i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana muna mbainfear de nó muna gcúlghairtear roimhe sin é. Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochana, caighdeáin íosta a shonrú a bheidh le comhlíonadh trí thagairt do slándáil áitribh, déanamh, taispeántas fuinneoige, cineálacha marsantais, áite agus mar sin de.

Déanfaidh alt 9D cion do dhuine aon arm tine bréige réalaíoch a allmhairiú, a mhonarcú, a dhíol, a dheisiú, a thástáil, ar mhodh trádála nó gnó muna bhfuil an duine sin cláraithe sa chlár átá á choimeád ag an Aire thuas.

CAIBIDIL 6: ÚSAID THAR LEAR NA N-ARM TINE AGUS IARRATAIS AR DHEIMHNITHE AIRM TINE DO NEAMHCHÓNAITHEOIRÍ

ÚSÁID THAR LEAR

D'fhéadfadh daoine aonair ar mian leo taisteal thar lear fonn a bheith orthu ainmhithe a sheilg nach bhfaightear sa tír seo agus fonn a bheith orthu airm tine a fháil chun na críche sin. D'fhéadfadh sé seo folú, mar shampla, géim mór nó ainmhithe géim cóntúirteacha ar nós Torc**,** Eilifint, Buaball Rinne, Leon nó Liopard, nó Géim na Machairí ar nós speisis éagsúla antalóip. D'fhéadfadh raidhfil chun na críocha seo folú raidhfilí oibriú- bolta nó dé-bhairille de chailibre éagsúla, go minic an-bhéal fuinnimh mór agus ard go deo (3,000 giúl nó 4,000-5,000 punt coise). D'fhéadfadh iad seo folú .375 H & H Magnum le haghaidh géim na machairí, cailibre idir .375 H & H Magnum agus .600 do ghéim mór agus .300 Winchester nó níos mó do bhéar.

Féadfaidh An Garda Síochána a bheith sásta go bhfuil 'Cúis Mhaith' ag iarratasóirí a bhfuil sé i gceist acu na hairm tine sin a úsáid thar lear. Ba cheart don fhíric go bhféadfadh na cuairteanna sin a bheith neamhchoitianta gan a bheith ina dhiúltú uathoibríoch chun an deimhniú a dheonú, a bheith ar thoradh air ach d'fhéadfadh sé a bheith mar rud ba cheart a thabhairt san áireamh.

Féadfaidh 'Niallasú' le hamuinisean neamhfhorrásach a bheith ceadaithe in Éirinn ar an gcoinníoll go bhfuil raon oiriúnach ar fáil. Féadfaidh roinnt raidhfilí atá dírithe ar antalóp agus géim na machairí eile a bheith oiriúnach d'fhia, do thorc nó do lámhach eile cairéil sa tír seo. Tá cailibre ar nós .375 (9.5mm) ar an taobh deireanach de na cinn atá oiriúnach le "géim contúirteach" a lámhach. Áit a bhfuil taithí ag lámhachóir ar dheacrachtaí cartúis "géim contúirteach" a fháil, sa tír seo san áit a bhfuil géim le seilg a dhéanamh orthu, is féidir socruithe a dhéanamh do dhéileálaí cáinníocht cuí a easpórtáil, rud gur féidir a bhailiú ag an lámhachóir ag an bpointe bordála.

PAS EORPACH AIRM TINE

Tá foráil déanta do Phas Eorpach Airm Tine in Ionstraim Reachtúil 362 de 1993. Déanann Rialachán 9(2)(C) foráil go rachaidh Pas Eorpach Airm Tine in éag ar éag don deimhniú a bhaineann le hairm tine atá aiteanta ar an bpas nó ar éag an phas é féin, cibé cén ceann acú atá níos goire.

TABHAIR FAOI DEARA: Le linn na hidirthréimhse (de réir mar atá leagtha amach i gcaibidil 1) féadfar Pas Eorpach Airm Tine an duine aonair a bheith sínte ag an duine eisiúna ar aon dul leis an tréimhse sínte deimhniú airm tine an duine sin.

Beidh duine, a chónaíonn sa Stát seo agus atá ina shealbhóir ar dheimhniú airm tine, i dteideal ar Pas Eorpach Airm Tine atá eisithe ag ceannfort den Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil cónaí orthu. Cabhróidh an pas seo a bheidh i bhfeidhm anois go ceann

suas le trí bliana, (le comhtharlú leis an deimhniú airm tine trí bliana) go mór le lámhachóirí Éireannacha a bhfuil fonn orthu taisteal thar lear de bharr nach rachaidh sé in éag a thuilleadh ar an 31 Iúil gach bliain ba é an nós go dtí seo.

Beidh ceangal ar dhuine nach gcónaíonn sa Stát de ghnáth ach atá ó Bhall-Stát eile agus a bhfuil fonn air nó uirthi arm tine a thabhairt isteach sa tír seo Pas Eorpach Airm Tine bailí a bheith ina seilbh acu. Ní mór dó a bheith bunaidh; ní ghlacfar le cóip de. Ní mór don duine an pas a iompar ar gach uairibh le linn dó a bheith ina sheilbh ar arm tine atá údaraithe ag an bpas. Tabharfar ar aird é le cigireacht a dhéanamh air nuair a iarrann aon chomhalta den Gharda Síochána nó aon ofigeach de chuid Chustaim agus Máil é. Anuas air sin, beidh ceangal ar an duine seilbh a bheith ar dheimhniú airm tine neamhchónaitheoirí (Féach thíos).

NEAMHCHÓNAITHEOIR

Déileálann Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí), 2000 arna leasú ag alt 67 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 le hiarratais agus le deontais ar dheimhnithe airm tine do dhaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu taobh amuigh den Stát agus atá os cionn 16 bliana d'aois. Déanann alt 2 den Acht 2000 arna leasú ag alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 foráil anois do dheimhniú bliana ag tosú ó dháta a deonaíodh an deimhniú airm tine agus ag dul in éag 12 mhí ón dáta sin.

Déanfar iarratas ar dheimnhniú airm tine, ag duine nach bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát, ar fhoirm iarratais ar leithligh (atá ar fáil ó láithreán gréasáin an Gharda Síochána) chuig áititheoirí an Stáit seo agus beidh an táille i dteannta leis an iarratas. Is chun ceannfort an cheantair san áit ar mian leis an iarratasóir lámhach i dtosach a dhéanfar an t-iarratas agus tabharfaidh an t-iarratas sonraí faoin méid amuinisean a bhfuil iarratas déanta air. Má bhaineann an t-iarratas le harm tine srianta, is ea ansin a chuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig ard-cheannfort an cheantair sin.

Ba cheart an t-iarratas a bheith próiseáilte chomh luath agus is féidir, ach ba cheart a thabhairt faoi deara go dtógfaidh sé níos faide ama iarratas ar dheimhniú a bhaineann le harm tine srianta a phróiseáil ná iarratas ar arm tine neamhshrianta.

EASPÓRTÁIL BUAN AIRM TINE AG CÓNAITHEOIR ÉIREANNACH

Nuair is mian le cónaitheoir den Stát seo arm tine a easportáil, tá c**eangai**l éagsúla dlíthiúla ann ag brath ar na himthosca:

1 Duine aonair atá ag easportáil airm tine do bhallstát den Aontas Eorpach: - Ba cheart an fhoirm úd Foirm Iarratais do Dhaoine Aonair le hArm Tine a Easportail/a importáil , i dteannta le cóip den deimhniú airm tine bailí don arm tine , a chur ar aghaidh chuig An tAonad um Airm Tine agus Pleáscáin, Roinn na Coireachta 4, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, 94 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2. Tabhair faoi deara: i gcásanna nach bhfuil deimhniú airm tine bailí, ní mór don duine aonair iarratas a dhéanamh do cheannfort an Gharda Síochána ar 'údarú le heasportáil nó le bogadh / Aistriú' agus é seo a cheangal don iarratas a rinneadh don Roinn. Beidh ceadúnas easportála deonta ansin chun an t-arm tine a easportáil go dleathach.

2 Duine aonair atá ag easportáil airm tine nó amuinisean go tír nach bhfuil ina bhall den Aontas Eorpach: - Déileáiltear iarratais le hairm tine a easportáil go tíortha nach bhfuil ina mbaill den Aontas Eorpach trí theagmháil a dhéanamh leis An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

CAIBIDIL 7: ILGHNÉITHEACH

LÓN LÁMHAIGH – MÉID ATÁ SONRAITHE I NDEIMHNITHE AIRM TINE

Déanann alt 3 den Phríomh-Acht arna leasú, foráil do shealbhóir deimhniú airm tine chun amuinisean a cheannach le húsáid san arm tine agus ag an tráth amháin seilbh a bheith acu ar nach mó ná an méid amuinisean atá sonraithe sa deimhniú nó iad a iompar. Faoin duine eisiúna amháin atá sé cinneadh a dhéanamh ar an méid amuinisin atá le sonrú sa deimhniú airm tine agus déanfar breith ar gach ceann acu ar a chuid fiúntais féin. Beidh an méid amuinisean atá le deonú luaite ar an ndeimhniú airm tine. Ba cheart aird a bheith ag daoine eisiúna ar an bhfíric go ndíoltar amuinisean i mbaisceanna, mar shampla 20í, 50í agus mar sin de ag brath ar a chineál agus ar an gcatagóir lámhaigh atá á dhéanamh agus féadfaidh sé seo a bheith mar ábhar nuair a dhéantar measúnú ar iarratas.

Níl an cleachtas leasú a dhéanamh le láimh ar an méid amuinisean atá ceangailte do dheimhniú indéanta níos mó, agus mar gheall air sin, tá sé rí-thábhachtach go dtugann duine eisiúna machnamh cuí ar an ábhar amuinisin nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar an iarratas bunaidh ar dheimnhniú airm tine. Cuirfidh an t-iarratasóir san áireamh an méid is mó amuinisean a bhfuil iarratas á dhéanamh air sa chuid ábhartha den fhoirm iarratais úd FCA1 agus féadfar gá a bheith le tuilleadh eolais ón iarratasóir ag an nduine eisiúna nuair a dhéantar machnamh ar iarratas.

Beidh an cineál nó an catagóir lámhaigh atá á dhéanamh ag an iarratasóir mar eochair-ábhar nuair atá duine eisiúna ag déanamh cinneadh ar an méid amuinisin atá le sonrú ar dheimhniú airm tine. D'fhéadfadh an cóimheas amuinisin le cuspóir a bheith tugtha san áireamh mar an meán:

- Feirmeoir (aon ghunna grain do mhíolra/rialú peist) – 100 urchar.
- Gunna Fia – 200 go 260 urchar.
- Gunna gráin do chlé phláta, piasán/colm/creabhar – 500 go 750 urchar.
- Lámhachóir Targaide (comhalta de chlub údaraithe) – 750 go 1,000 urchar.

CROSBHOGHANNA

Sainmhínítear crosboghanna mar airm tine shrianta agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar dheimhnithe de réir na dtreoirlínte níos leithne do airm tine srianta is é sin

cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig ard-cheannfort na roinne san áit ina gcónaíonn an t-iarratasóir.

LÁMHACH THAR THALAMH

Ní mór do dhuine ar mian leis nó léi lámhach os cionn talún a ainmniú ina gcuid iarratas ceantar sonrach talún thar a bhfuil sé ar intinn acu lámhach nó a bhfuil cead acu lámhach nó áit ina bhfuil cead lámhach ag a gclub géim. Is féidir sonraí ballraíocht an iarratasóra de club géim áirithe nó club gunna eile a ghabháil ar an bhfoirm iarratais FCA1 i gcuid 4.2 ar a bhfuil marc ‘Eile’ (sonraigh). Is féidir sonraí iomlán a thabhairt ar dhuilleog ar leith de réir mar atá leagtha amach sa gcuid sin. Ní mór údarás scríofa ón duine atá i dteideal do chearta lámhaigh a sholáthar má iarrann ceannfort an Gharda air / uirthi é sin a dhéanamh. Féadfaidh An Garda Síochána an talamh a scrúdú ansin agus é a fhraomhadh (muna bhfuil sé ar eolas cheana a bheith oiriúnach) d’fhonn cuidiú a bhunú nach gcuirfidh úsáid na n-arm tine agus amuinisean an tsábháilteacht phoiblí ná an tsíocháin i gcontúirt – alt 4(b) d’Acht na nArm Teine, 1925.

Níl talamh "sábháilte" nó "neamhsábháilte" ann féin agus beidh ar aon lámhachóir discréid a bheith aige nó aici maidir le cinneadh a dhéanamh ar lámhach in imthosca áirithe. Beidh mian ag an nGarda Síochána áfach a bheith sásta mar chuid de "Cúis Mhaith” go bhfuil an talamh atá ainmnithe oiriúnach do na cineálacha seo airm tine le bheith úsáidte.

D’fhéadfadh ábhair a d’fhéadfadh a bheith ábhartha nuair a dhéantar machnamh ar iarratas aon cheann den méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) Láithreacht cearta slí, bóithre poiblí agus cosáin agus minicíocht a úsáide

(b) Gaireacht na n-áitribh

(c) Stopanna oiriúnacha atá ábhartha don arm tine le bheith úsáidte

(d) Topagrafaíocht Ghinearálta na talún, agus,

(e) Láithreacht aon speiceas cairéil atá ar an talamh

Fad a d’fhéadfadh "Cúis Mhaith” le seilbh a bheith agat ar airm tine áirithe a nascadh leis an speiceas cairéil a fhaightear ar an talamh atá i gceist, mar shampla ar an bhfeirm nó ar eastát, ba cheart coinníollacha do shealbhú na n-arm tine sin a cheadú don shealbhóir ar dheimhniú déileáil le tarluithe réasúnta, mar shampla speiceas peist nó géim nó criosadh daonna na n-ainmhithe atá gortaithe ar an bhfeirm.

AG LÁMHACH SPEICEAS BEAG CAIRÉIL AGUS GÉIM AGUS SPEICEAS PEIST SAN ÁIREAMH

Clúdaíonn an téarma úd "géim" éin agus ainmhithe áirithe a d’fhéadfaí a lámhach le haghaidh bia agus spóirt. Seachas ó fhia atá déileáilte leis thíos , féadfaidh iad seo a fholú coínín, giorria, piasán, patraisc, cearc fhraoigh, creabhar agus éin géin eile. Féadfaidh

speiceas atá millteach do roinnt imeachtaí feirmeoireachta agus seilge folamh ainmhithe cosúil le sionnach, coinín, minc, easóg, francach donn, agus iora glas, chomh maith le roinnt éin cosúil le colm coille, an rúcach agus préachán.

Lámhach a cheannach

Féadfar "Cúis Mhaith" a shásamh ag na daoine sin nach bhfuil ina mbaill de chlubanna agus nach bhfuil cead úinéir na talún acu, ach a cheannaíonn laethanta lámhaigh go rialta mar shampla ar go leor de na heastáit atá bainistithe, cosúil le Coillte nó ag raonta lámhaigh chlé tráchtála trí fhianaise a chur ar fáil maidir le ceannacht an cineál seo lámhaigh.

Marú Daonna na nAinmhithe

Bíonn marú daonna na n-ainmhithe breoite nó atá gortaithe le harm tine teoranta go hiondúil dóibh siúd a d'fhéadfadh déileáil leis na hainmhithe sin ar bhonn réasúnta rialta. D'fholódh samplaí máinlianna, cigirí ISPCA, seirbhísigh seilge, agus sealbhóirí ar fheirmeacha agus ar ghabháltais beaga. Tá gá ag na hairm tine seo le deimhniú airm tine agus beidh sé gafa ar an bhfoirm iarratais mar 'Eile'.

D'fhéadfadh .32 gunna singil urchar ar nós an 'Cashman' a bheith oiriúnach i bhformhór na n-imthosca mar uirlis maraithe, cé go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar chailibre níos mó má tá ar an iarratasóir déileáil go rialta le hainmhithe móra nó contúirteacha (mar shampla, capaill, eallach nó speiseas fianna níos mó). Ní bhíonn gá ag modhnóirí Fuaime do phiostail i gcoitinne ach le máinlianna a bhíonn ag obair ag ráschúrsaí. Ní féidir machnamh a dhéanamh ar ghunnaí láimhe coinbhinseanúla do sheoladh daonna mar an uirlis maraithe ar a bhfuil léargas tugtha thuas.

Ainmhithe Eile

Féadfar údarú a iarraidh chun ainmhithe a lámhach a dtiteann taobh amuigh den scóip de na gnáthchineálacha géim nó vermin, mar shampla, gabhar fia nó torc allta agus beidh feidhm ag na gnáthriachtanais maidir le lámhach thar talamh.

Fia

Tá lámhach fianna á rialú ag An Acht um Fhiadhúlra, 1976-2000. Is mamaigh cosanta iad Fianna Dearga faoi alt 23 de na hAchtanna um Fhiadhúlra. Ní mór d'iarratasóir ar mian leis fia a lámhach an talamh a bhfuil an dóchúil speiceas fianna cuí a bheith i láthair, agus cuireadh, áirithint nó údarú chun lámhach ar an talamh úd ón úinéir / ón sealbhóir.

Sionnach

Níl lámhach sionnach san oíche le cabhair ó lampa mídhleathach ar an gcoinníoll gur féidir é a dhéanamh le cead ón úinéir talún agus nach dtarlaíonn sé taobh istigh de 60 troigh ón mbóthar poiblí. Ní hionann é agus riosca níos mó, áfach, don phobal agus ainmhithe feirme eile. Ceann de na coinníollacha a d'fhéadfadh machnamh cuí a dhéanamh air do cheadúnú raidhfil lár-lámhaigh ard-chumhachta chun sionnach a lámhach ná go bhféadfaí na Gardai a chur in iúl faoi aon lámhach a tharlaíonn tar éis an dorchadais.

Marú

Déanfar marú na n-ainmhithe do thomailt daonna go minic ag baint úsáid as a bhfuil machnamh déanta air mar "airm tine" chun críche dlíthiúla. Faoi alt 2 d'Acht na nArm Teine , 1925, áfach, níl aon gá le ceachtar acu údarás ná deimhniú airm tine seilbh a bheith ar uirlis maraithe atá saor ó urchar ná é a fháil. Ní bhíonn feidhm ag an ndíolúint seo ach sna himthosca seo a leanas; dílseánaigh ar sheamlais, cniogairí, buistéir, nó daoine eile atá páirteach i ngnó márú daonna na n-ainmhithe.

TAIBHLÉIRITHE AMHARCLAINNE

Faoi alt 2 d'Acht na nArm Teine, 1925, tá gá ag seilbh, úsáid nó iompar airm tine ag duine atá ag glacadh páirte i dtaibhléirithe amharclainne nó i gcleachtadh nó i léiriúchán scannáin le húdarás. Tá sé seo deonta ag ceannfort áitiúil an cheantair san áit ina bhfuil an taibhléiriú sin le tionól.

AG CUR CÓIR LEIGHIS AR AINMHITHE

Faoi alt 1 d'Acht na nArm Teine, 1925 arna leasú, meastar go bhfuil treallamh sámhaithe cosúil le gunnaí fa-ghunnaí agus séideadáin ina n-airm toirmiscthe go hiondúil. Féadfar machnamh a dhéanamh ar sheilbh na n-arm tine agus amuinisean seo a bheith ina 'Chúis Mhaith' nuair a údaraítear é i gcomhar le cóireáil na n-ainmhithe. Ba cheart údarás chun seilbh a bheith ar na hairm tine sin a bheith deonta go hiondúil dóibh siúd a bhfuil an ghá ghairmiúil don rud sin ar aon dul lena gcuid oibre. Bheadh feirmeoirí Fia agus foireann Zú ina sampla air seo.

BAILITHEOIRÍ / AIRM TINE DÍGHNÍOMHACHTAITHE

Tá airm tine seandachta ina ndíoliúint ó fholálacha na nArm Tine ar an gcoinníoll go sealbhaítear iad mar ornáidí nó fiosrachtaí. In éagmais ar shainmhíniú ar arm tine 'seandachta' , baineann An Rannóg Bhailistíochta i gCeanncheathrú an Gharda Síochána feidhm as an riail 'Cartús Réamhaonadach' i bhfeidhm , rud a dhealraítéar na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Bíonn cartús i gceist le amuinisean aonadach cartúis – go hiondúil miotal ina bhfuil an príméar go hiondúil – an tiomáint agus an t-urchar taobh istigh de.
Níl atáirgeadh nuachóirithe d'arm tine seandachta ina dhioliúint ó reachtaíocht na n-arm tine.

Ba mhaith le roinnt daoine go hócáideach sean-arm tine nó arm tine seandachta a cheannach, nó ceann atá luachmhar de bharr a ghábhacht stairiúil, ar aon chúis seachas mar infheistíocht. D'fhéadfadh aird a thabhairt air seo mar 'Cúis Mhaith' ag féachaint do na himthosca ar fad, agus má tá sé incheaptha a bheith lámhachaithe, beidh gá ag na hairm tine seo le deimhniú airm tine.

Féadfar airm tine díghníomhachtaithe / lochtacha nach féidir a bheith lámhachtaithe, a choimeád ar an údarú scríofa ón gceannfort áitiúil faoi alt.6 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990 arna leasú. Ba cheart don cheannfort a bheith sásta go bhfuil an t-arm tine díghníomhachtaithe go buan agus féadfaidh sé iarraidh ar dheimhniúchán an

rud céanna ó phromhtheach aitheanta agus an t-arm tine a bheith scrúdaithe ag comhalta cáilithe oiriúnaithe den Gharda Síochána. Féadfar dul i dteagmháil leis an Rannóg Bhailistíochta, Ceanncheathrú an Gharda Síochána chomh maith chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt más gá. Ba cheart an tsraithuimhir ar arm tine díghníomhachaithe a bheith i gcónaí coimeádta mar chuspóirí aitheantais.

AIRM TINE DO CHOSAINT PHEARSANTA

Is í feidhm an Gharda Síochána ná an bheatha agus an mhaoin a chosaint agus níl sibhialtaigh ach i dteideal úsáid a bhaint as forneart réasúnach chun iad féin agus a gcuid maoine a chosaint. Ciallaíonn an comhéifeacht de seo nach bhfuil aon fhírinniú chun a bheith ag iarraidh airm tine a shealbhú chun críche cosaint pearsanta nó cosaint maoine. Nuair atáthar ag measúnú iarratais ar dheimhniú airm tine, ba cheart do cheannfort nó d' ard-cheannfort gan a thabhairt san áireamh mar chuid de 'Cúis Mhaith' tagairt do chosaint phearsanta. Ba cheart do dhuine eisiúna a bheith sásta gur fíor é an chúis mhaith atá curtha ar aghaidh ag an iarratasóir agus nach bhfuil aon aidhm fholaigh seilbh a bheith ar an arm tine áirithe ann.

SEILG

Raidhfilí – Seilg Fianna

Is iad seo de ghnáth raidhfilí urchar singil nó oibriú bolta atá idir .243 órlach (6mm) agus .308 orlach (7.62mm) cailibre orlaigh san áireamh. Bíonn an toilleadh piléarlainne beag de ghnáth is é sin níos lú ná 5 urchar. Bíonn raidhfilí ionsaithe níos contúirtí agus gan a bheith níos éifeachtaí chun fianna a sheilg.

Raidhfilí – Sionnach a dhealú

Tá raidfhfilí lár-lámhaigh de chailibre .220 orlach nó .223 orlach tar éis éirí níos coitianta do rialú sionnach. Bíonn gá lena gcuid úsaid slán le céim níos mó scile agus freagrachta don lámhachóir. Bíonn raidhfilí ar nós iad seo níos oiriúnaí do cheantair arda san áit ina bhfuil dromanna nádúrtha an chnoic níos éasca a aimsiú. Bíonn a n-úsáid i gceantair ísle nó san oíche i bhfad níos contúirtí don phobal agus do bheostoc.Ní spóirt é a bheith ag lámhach sionnach agus dá bhrí sin féadfar a ciondhíothú i gceantair san áit nach bhfuil a gníomhachtaí ag cur isteach ar fheirmeoireacht gan a bheith ina 'Chúis Mhaith' arm tine a shealbhú chun na críocha sin. Bíonn raidhfilí lár-lámhaigh a úsáidtear le sionnach a dhealú go hiondúil ina raidhfilí seilge oibriú-bolta. Bíonn leathuathoibríoch nó a mhalairt de raidhfil ionsaithe míleata nó bulladóirín níos contúirtí agus gan a bheith níos éifeachtaí.

Raidhfilí – Coiníní agus mar sin de

Baintear úsáid as raidhfilí oibriú-bolta urchar singil nó leathuathoibríocha de .22 orlach cailibre imeall-lámhaigh (.22 orlach ar fad agus .22 orlach ar raidhfil fada) chun coiníní a lámhach. Ba cheart do gach cailibre eile imeall-lámhaigh.17 HMR, .22 orlach Magnum a bheith ina n-urchar singil nó gníomh bolta. Ba cheart raidhfil cumas piléarlainne a bheith aige de nach mó ná 10 n-urchar agus ba cheart dóibh a bheith ina raidhfilí seilge le fírinne. Bíonn raidhfilí a bhfuil stoic fillte acu nó atá ina malairtí de raidhfil ionsaithe níos contúirtí agus gan a bheith níos éifeachtí.

AGUISÍN A: IAD SIÚD NACH BHFUIL I DTEIDEAL ARM TINE A BHEITH AR SEILBH ACU

Iad siúd nach bhfuil i dteideal , le halt 8 d'Acht na nArm Tine 1925 arna leasú ag alt 37 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 chun deimhniú airm tine a bheith ar seilbh acu lena n-áirítear na daoine seo a leanas:

(a) Éinne faoi bhun sé bliana déag d'aois –

(b) Éinne atá tugtha don ól -

Nuair atá cinneadh á dhéanamh cibé deimhniú airm tine a dheonú nó a athnuachan, féadfaidh ceannfort nó ard-cheannfort den Gharda a thabhairt san áireamh faisnéis atá ar fáil mar gheall ar thomhailt alcóil an iarratasóra nó aon substaintí eile dá leithéid cosúil le drugaí a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas chun arm tine a shealbhú nó a úsáid go sábháilte. Beidh ar gach cás a bheith measúnaithe ar a gcuid fiúntais agus imthosca aonair féin.

Go hiondúil áfach, bheadh ar phatrún iompraíochta a bheith ann atá faoi deara buairt, ach ní hé seo a rialú amach teagmhas amháin a thararlaíonn a d'fhéadfadh a thabhairt i gceist folláine duine éigin seilbh a bheith acu ar airm tine. D'fhéadfadh an cás Sasanach úd *Lubbock v Chief Constable of Lothian and Borders (2001)* a bheith ina chúnamh áit a rialaigh an sirriam amach go raibh cúlghairm deimhniú airm tine agus gunna gránna, i ndiaidh aon theagmhas iarghúlta amháin a raibh baint aige le tiomáint ar meisce, ceart agus cóir i ngeall ar dearcadh ginearálta an duine aonair i dtreo an chiona.

Féadfaidh imthosca eile a d'fhéadfadh cuidiú le cinneadh ar dhaoine atá tugtha don ól a chur san áireamh fianaise mar gheall ar iompraíocht ionsaitheach nó frithshóisialta nó a d'fhéadfadh a chur san áireamh aighnis teaghlaigh nó aon fhianaise a bhaineann le naimhdeas atá dóchúil forgéigean a bheith mar thoradh air. Arís, beidh gá le measúnú a dhéanamh mar gheall ar gach cás, go háirithe maidir le cé chomh tromchúiseacht is atá teagmhais aonair.

D'fhéadfadh gnéithe ar nós fianaise a bhaineann le hiompraíocht doshocraíochta agus neamhghnáth den chineál a chuireann tús le himní dea-bhunaithe mar gheall ar cibé an bhfuil an duine aonair in ann sábháilteacht an airm tine a bhainistiú a bheith tábhachtach chomh maith. Ba cheart aird a thabhairt ar phatrún iompraíochta go ginearálta níos tromchúisaí ná aon teagmhas amháin, cé go mba cheart teagmhais ar leithligh gan neamhairt a thabhairt orthu maidir le measúnú an duine atá i gceist agus a gcuid folláine chun seilbh a bheith acu ar arm tine. (Nuair atá cinneadh á dhéanamh ar cibé deimhniú airm tine a dheonú nó a athnuachan , féadfaidh ceannfort nó ard-cheannfort den Gharda Síochána tagairt a dhéanamh do cibé an gcreideann siad le reasún go gcuirfadh tomhailt alcóil an duine aonair nó aon substaintí eile ar nós drugaí isteach ar a gcumas chun arm a shealbhú nó a úsáid).

(c) Éinne nach slán a mheabhair -

Is ábhar an leochaileach go deo é seo agus níl sé indéanta comhairle a thabhairt ar gach cás is féidir a d'fhéadfadh tarlú i bpróiseas a bhaineann le cinneadh a dhéanamh. I gcoitinne áfach, ba cheart daoine eisiúna a bheith airdeallach ar chásanna ina nochtann liachleachtóir ginearálta go bhfuil tuairisc an iarratasóra tar éis a thaispeáint, á thaispeáint, comharthaí dúlagair, claonadh féinmharfach, **éagobhsaíocht instability** mhothúchannach seasmhach nó tréimhsí uaineacha nó iompraíocht ghuagach. Ba cheart do dhaoine eisiúna a bheith airdeallach chomh maith ar aon cheann de na comharthaí seo atá taispeáinte ag sealbhóir deimhnithe reatha.

D'fhéadfadh sé seo a chur san áireamh daoine a bhí á gcoimeád faoi chumhachtaí sibhialta na nAchtanna um Mheabhair-Shláinte ar bhonn a gcuid iompraíochta a chuireann an pobal i mbaol. Ba cheart a cuimhneamh ar mar gheall ar go bhfuil duine tar éis cóireáil a fháil san aimsir a chaitheadh as ucht breoiteachtaí nó coinníollacha áirithe , ar nós dúlagar nó strus, ní leanann sé go huathoibríocht go bhfuil siad neamhfholláin chun arm tine a shealbhú. Is ceann de na gnéithe é go simplí a bheith measta le gach fianaise eile a bhaineann le carachtar agus le stair an iarratasóra. Sna cásanna seo, ba cheart aird a thabhairt ar an dtuairim is deireanaí míochaine.

Áit a bhfuil sé ar intinn ag an duine eisiúna deimhniú airm tine a chúlghairm de bhua alt 5d'Acht na nArm Teine, 1925 arna leasú, ba cheart cúiseanna don chúlghairm a bheith curtha i scríbhinn do shealbhóir an deimhnithe.

(d) Aon duine ar ar cuireadh pianbhreith phríosúnachta-

(i) Mar gheall ar chion faoi Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2009, faoi na hAchtanna um Chionta in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimlitheoireachta), 2005, nó

(ii) mar gheall ar chion faoi dhlí stáit eile arcion é a bhaineann le harm tine a thabhairt ar aird nó a úsáid agus nach mbeadh deireadh leis an bpianbhreith nó gur tháinig deireadh léi laistigh de chúig bliana roimhe sin.

(e) Aon duine atá faoi cheangal ag cúirtbhanna chun an tsíochain a choimeád agus a bheith dea-iompartha, ar an gcoinníoll de nach ndéanfaidh an duine arm tine nó amuinisean a shealbhú, a úsáid nó a iompar, agus

(f) Aon duine nach bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát (seachas duine a bhfuil cónaí sealadach air nó uirthi amhlaidh) ar feadh tréimhse 6 mhí roimh iarratas a dhéanamh ar dheimhniú airm tine.

AGUISÍN B: FIOSRUITHE MÍOCHAINE AGUS RÉITEOIRÍ

TOILIÚ I GCOMHAIR FHIOSRUITHE MÍOCHAINE

Is eochar-mheas don Gharda Síochána é eisiúint folláine míochaine an iarratasóra chun deimhniú airm tine a shealbhú, ach ní mór a threisiú nach buairt é seo maidir le formhór mór de na sealbhóirí ceadúnaithe airm tine. Ní rachaidh duine chuig cleachtóir ginearálta an iarratasóra nó liachleachtóir eile ginearálta mar chúrsa gnáthaimh agus de rogha an cheannfoirt nó an ard-cheannfoirt a dhéanann meas ar an iarratas. Is cion é faoi alt 3A d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú, eolas bréige a thabhairt go feasach i ndáil le hiarratas ar arm tine. Bheadh feidhm aige seo d'aon ráiteas bréige a thabharfaí mar fhreagra ar cheisteanna míochaine ar an bhfoirm iarratais. Ní mór a threisiú gur seo freagracht an iarratasóra chun gach ceann de na tuairiscí ábhartha míochaine a sholáthar má iarrtar amhlaidh ag an gceannfort nó ag an ard-cheannfort eisiúna nuair atá a gcuid feidhmeanna a ndéanamh faoin alt seo.

Féadfaidh an ceannfort eisiúna nó an t-ard-cheannfort eisiúna den Gharda Síochána comhairle a lorg ó Oifigeach Míocháine an Gharda Síochána i gcásanna a bhfuil an t-eolas míochaine a sholáthar deacair le tuiscint, nó san áit ina bhfuil a thábhacht i dtéarmaí airm tine a shealbhú neamhshoiléir. Ba cheart aon chinneadh deireanach maidir le folláine an iarratasóra , cibé ar fhoras míochaine nó ar fhoras eile, a bheith tógtha ag an oifigeach údaraithe cuí ar an ngnáthshlí.

Níl cead an iarratasóra teoranta le ham. Dá bhrí sin, tá sé oscailte don Gharda Síochána druidim le liachleachtóir ginearálta an iarratasóra nó liachleachtóir eile ginearálta ar aon am le linn ré an deimhnithe má bhíonn aon bhuairtí mar gheall ar fholláin leanúnach an iarratasóra seilbh a bheith aige nó aici ar airm tine.

EOLAS MAIDIR LE RÉITEOIRÍ

Fanann an breithiúnas maidir le cibé a bhfuil duine folláin le bheith cúram a bheith curtha air le hairm tine le dlí leis an nGarda Síochána nó, ar achomharc, na Cúirteanna. Is é an fheidhm an mholtóra eolas agus thuairimí a chur ar fáil gur féidir leis an nGarda Síochána a thabhairt san áireamh nuair atá an bhreith sin á dhéanamh. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil dóthain feasa ag an réiteoir ar an iarratasóir, m.sh., bhí teagmháil rialta ag an liachleachtóir, cibé ar bhonn chomhthéacs ghairmiúil, gnó nó sóisialta, leis an iarratasóir le cúig bliana anuas. Níl aon ghá ag lia-chleachtóirí , ar ndóigh, le haon eolas ar airm tine ná spóirt lámhaigh, ach ba cheart a bheith in ann a thuairisciú ar charactar ginearálta agus ar chúlra an iarratasóra agus féadfaidh an duine eisiúna a mheas go mba cheart do liachleachtóir a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.

Tá sé oscailte don Gharda Síochána teagmháil a dhéanamh leis an réiteoir plé a dhéanamh ar an eolas atá curtha ar fáil ar an bhfoirm thagartha nó ar aon ábhar eile a bhaineann leis an iarratas. Más dóigh leis an nGarda Síochána go bhfuil liachleachtóir mí-shásúil , féadfar cuireadh a thabhairt don iarratasóir eile a ainmniú chun gníomhú mar réiteoir m.sh. d'fhéadfadh duine na riachtanais a shásamh gníomhú mar réiteoir ach d'fhéadfadh sé a bheith faighte amach nach bhfuil aithne aige nó aici ar an iarratasóir sách maith chun teistiméireacht eolasach a sholáthar.

AGUISÍN C: STÓRÁIL DAINGEAN D'AIRM TINE

STÓRAIL DAINGEAN D'AIRM TINE ATÁ Á SHEALBHÚ GO DLEATHACH

Ceann de na príomhchuspóirí a bhaineann le coinníollacha a fhorchur, nuair atá deimhnithe d'airm tine á ndeonú, ná a gcuid coimeád slán a chinntiú ar gach uairibh. Ar mhaithe le sábháilteacht an phobail nó leis an tsíocháin, féadfaidh ceannfort nó ard-cheannfort a cheangal le haon choinníollacha dá leithéid nó iad a chúlghairm de réir mar a mheasann an duine eisiúna é sin a bheith riachtanach.

Beidh gá ag an gcineál agus ag líon na n-arm tine a choinnítear ag duine aonair le léibhéil difriúla slándála. i gcoitinne, áfach, ba cheart gach arm tine a stóráil taobh istigh d'fhoirgneamh a bhfuil a struchtúr seasmhach , caibinéid slándála airm tine a tógadh le sainchuspóir nó seomraí gunna. Ba cheart gan airm tine nó amuinisean a fhágáil in aon imthosca, fiú amháin ar feadh achair gairid ama, i bhfoirgnimh sealadacha (pobaill agus mar sin de) ná i bhfeithiclí neamhfhreastailte mar gheall ar nach bhfuil siad seo daingean.

Tá aird á tharraingt ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 307 de 2009: Rialacháin Arm Tine (Cóiríocht Dhaingnithe), 2009, rud a shainmhíníonn an tslándáil íosmhéid is gá d'airm tine. Mar is léir ón I. R. seo níl aon riachtanas uathoibríochta do shealbhóir aon gunna gráin neamhshrianta chun taisceadán gunna a sholáthar dá n-arm tine, ach féadfaidh ceannfort an choinníoll sin a cheangal más den dearcadh, in imthosca an cháis aonair, gur ghá ar maithe le sábháilteacht an phobail agus na Síochána. Leagann an I. R. síos:

(1) Gunna gráin amháin neamhshrianta: Tógfar an gunna gráin as a chéile agus cuirfear gach cuid i dtaisce go sábháilte agus leis féin nuair nach bhfuil sé in úsáid. Cuirfear cosc ar an gcásáil truicir a úsáid trí ghlas cuí truicir.

(2) Arm tine amháin srianta nó trí arm tine nó níos lú neamhshrianta: Coinneofar gach arm tine i dtaisce go slán i dtaisceadán gunna atá de réir BS 7558 agus a bheidh ceangailte go daingean le struchtúr daingean.

(3) Dhá arm tine srianta, nó níos mó ná trí arm tine neamhshrianta: Coinneofar gach arm tine i dtaisce i dtaisceadán gunna atá de réir BS 7558 agus a bheidh ceangailte go daingean le struchtúr daingean. Beidh aláram feistithe san áit ina bhfuil na hairm tine i dtaisce agus beidh glas de réir BS 3621 feistithe ar na doirse seachtracha.

(4) Trí arm tine srianta nó níos mó ná sé arm tine nó níos mó de chineál ar bith a choinnítear san áit amháin: Chomh maith leis na caighdeáin a shonraítear ag uimhir thagartha 3, beidh córas aláraim ionróra atá de réir I.S. EN 50131 nó caighdean coibhéiseach atá faofa ag Coimisinéir na nGardaí, san áit ina gcoinnítear na hairm tine i dtaisce agus ní mór do shuiteálaí a bhfuil ceadúnas faighte aige ón údaras um Shlándáil Phríobháideach an t-aláram a fheistiú agus a chothabháil.

. Beidh an t-aláram ceangailte le seirbhís monatóireachta atá á oibriú ag duine a bhfuil ceadúnas aige ón údarás um Shlándáil Phríobháideach agus a bhfuil tacaíocht aige ó sheirbhís fóin póca GSM a bhfuil saoráidí comharthaíochta tacaíochta ann.

COMHÚINÉIREACHT NÓ COMHCHEADÚNÚ

Áit a bhfuil arm tine faoi réir comhúinéireacht, nó áit a sheabhaíonn beirt nó níos mó d huine aonair deimhnithe don arm tine céanna, ansin, beidh feidhm ag na coinníollacha agus ag na riachtanais céanna, a bhfuil feidhm san áit a bhfuil úinéireacht singil, do na húinéirí sin agus do na sealbhóirí deimhnithe sin má tá sé i gceist ag an mbeirt an t-arm tine a stóráil. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, go mbeidh ar an duine eisiúna a bheith sásta go bhfuil stóráil daingean á sholáthar ag gach áitreamh nó ag gach áit eile san áit ina bhfuil an t-arm tine le bheith coinnithe.

Féadfaidh ceannfort nó ard-cheannfort aon choinníollacha a fhorchur a mheastar a bheith riachtanach ar mhaithe le sábháilteacht an phobail ar an gnáthshlí, ag tabhairt san áireamh imthosca gach duine de na comhúinéirí nó de na hiarrasóirí ar dheimhniú.

AGUISÍN D: ÚDARAITHE FAOI ACHTANNA NA NARM TINE

ÚDARAITHE

Féadfaidh ceannfort Garda údarú a dheonú do sheilbh, úsáid nó iompar airm tine nó amuinisean in imthosca áirithe liostáilte faoi Achtann na nArm Tine 1925 go 2009. Tá aird ar leith á tharraingt d'alt 2(4) d'Acht na nArm Teine, 1925 arna leasú. Liostálann sé seo na himthosca san áit go bhféadfaidh ceannfort údarú a eisiúint do na hócáidí nó na himeachtaí sin de réir mar atá leagtha amach san alt seo. Folaíonn siad seo láithreacha míllíní péinte, gailéaraithe lámhaigh, taibhléirithe amharclainne, agus tús le rásanna lúthchleasaíochta agus mar sin de. Féadfar alt 2(4)d den Acht 1925 a bheith úsáidte ag ceannfort chun macasamhail d'imeachtaí club capaillíní agus imeachtaí peinteatlainne a eagrú. Beidh na húdaruithe seo go ceann tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin agus ní mór don duine eisiúna a bheith sásta nach gcuirfidh aon údárú sábháilteacht an phobail ná an tsíochain i mbaol.

Déanann alt 9B d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990 arna chur isteach le halt 40 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 foráil anois go bhféadfaidh ceannfort a údarú i scríbhinn airm thine bhréige réalaíocha – a dtugtar 'Airsoft' orthu – a shealbhú, a úsáid nó a iompar go ceann tréimhse nach mó ná bliain amháin. Ní mór don cheannfort a bheith sásta nach gcuirfidh an t-údarú seo sábháilteacht an phobail ná an tsíocháin i mbaol agus is féidir aon coinníollacha a fhorchur – le bheith sonraithe san údarú – a cheapfadh sé nó sí is gá chun baol don phobal a chosc .

GUNNAÍ AN CHLUB

Tá gá ag alt 4A d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur isteach le halt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 a cuireadh tosach feidhme air le gairid le gach club raidhfil agus piostail agus raonta lámhaigh le bheith údaraithe. Tháinig staid chun cinn le gairid áit ar cheadaigh roinnt ceannfoirt seilbh ar 'gunnaí an chlub' ag na clubanna seo agus ag na raonta seo faoina gcuid údarú raoin nó chlub agus gan deimhniú. Beidh gá le húdaraithe raidhfil agus piostail den todhchaí a bheith deonta faoi alt 4A. Lena chois sin, faoi alt 2(6) d'Acht na nArm Tine 1925 arna leasú ag alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, ní bheith 'gunnaí an Chlub'ina n-airm tine shrianta.

TOSTÓIRÍ – TREOIR MAIDIR LENA N-ÚSAID

Faoi alt 1 d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú ag alt 26 d'Acht um Cheartas Coiriúil 2006, sainmhíntear tostóirí mar airm tine. Sainmhíníonn Ionstraim Reachtúil Uimh. 21 de 2008: An tOrdú um Airm Tine (Airm Tine Srianta agus Armlón Srianta) 2008, arna leasú, tostóirí mar:

- *Aon ghléas atá feistithe nó atá ceaptha a bheith feistithe don arm tine, chun críche an fhuaim atá déanta ar é a scaoilreadh, a athrú nó a laghdú*

Sainmhíníonn an I.R. arna leasú, níos faide gach tostóir, seachas 'iad siúd atá ceaptha a bheith úsáidte amháin le hairm tine raidhfil fada', a bheith ina n-arm tine srianta. Ní bheidh tostóirí de ghnáth faoi réir deimhniúcháin. Faoi alt 7 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990, ní mór do thostóir a bheith údaraithe ag ceannfort den

Gharda Síochana ar an gcoinníoll go bhfuil an t-iarratasóir i seilbh ar airm tine don arm tine dá bhfuil sé feistithe.

Leanfaidh iarratais ar údaraithe / tostóirí le haghaidh airm tine neamhúdaraithe ar aghaidh a bheith déanta do cheannfort an cheantair san áit ina gcónaíonn an t-iarratasóir. Tá Coimnisinéir an Gharda Síochána, faoi alt 25C d'Acht na nArm Tine 1925 arna chur isteach le halt 48 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, tar éis a chuid feidhmeanna a tharmligean maidir le deimhnithe airm tine do chomhaltaí de chéim an Ard-Cheannfoirt. Dá réir sin, i gcás iarratas ar thostóir atá á shainmhíniú mar arm tine srianta, déanfar an t-iarratas seo chuig ard-cheannfort na roinne sin agus beidh gá ag an tostóir sin le deimhniúchain. San áit a bhfuil tostóir údaraithe le haghaidh airm tine áirithe, ba cheart é seo a dhoiciméadú ar an ndeimhniú airm tine.

Tá tostóirí ceaptha chun tuairisc ar an arm tine a laghdú ionas áit an lámhachóra a chur faoi cheilt, agus freisin chun an aisléim feilt a laghdú. Bhí tostóirí úsáidte go traidisiúnta ar raidhfilí rimfire de .22 cailibre nuair atáthar ag lámhach coíníní. Ceadaíonn sé seo don lámhachóir chun ainmhithe eile a mharú nach bhfuil líonrith orthu ag tuairisc íseal an raidhfil. Féadfaidh feidhm gan a bheith ag an dlínse seo i gcas ainmhithe eile cosúil le sionnaigh nach bhfuil an oiread sin acu ann agus nach bhfuil chomh sóisialta a lámhach.

D'éirigh úsáid tostóirí ar raidhfil seilge fia thar a bheith coitianta le hachar gearr anuas. Roimhe seo tugadh aird air seo mar neamhspóirtiúil agus gan ghá a bheith leis. D'fholódh na buntaistí tostóir a úsáid chun na críche seo: Laghdú ar aisléim feilt ag ceadú don tostóir fanacht ar thargaid , riosca chun locaidh a laghdú , agus cosc a chur le grúpa ainmmhithe ó bheith ag teitheadh tar éis an urchair bunaidh. Ní mór do na buntáiste seo a bheith meáite i gcoinne shábháilteacht daoine eile (seachas lámhachóirí, lucht siúil, lucht foraoise, feirmeoirí) agus tuairisc glan inchloiste a bheith ar fáil dóibh – seachas tuairisc i bhfad níos ísle nuair atá an tostóir feistithe – de raidhfil, dá bhrí sin ag tabhairt treorach ginearálta dóibh ina bhfuil an chontúirt is féidir.

Tá méadú tar éis a bheith ann freisin sa mhian lámhachóirí tostóirí a úsáid ar raidhfil ag raonta lámhaigh údaraithe le haghaidh cleachtadh targaide. Is é an t-aon buntáiste atá anseo ná 'truailliú torainn' a laghdú. De bharr nach féidir cosainteoirí cluaise a chaitheamh chun cosaint leordhóthaineach a sholáthar i gcoinne torainn an lámhaigh ó iliomad , is gá na míbhuntáistí úsáid tostóra a mheá i gcoinne tostóra.

I ngeall ar mhíbhuntáiste ar úsaid tostóra agus na tairbhí teoranta – tairbhí ar féidir a fháil ar mhodhanna eile nach bhfuil chomh contúirteach sin – beidh an tairseach do 'Chúis Mhaith' chun tostóir a bheith deimhnithe d'aon arm tine srianta ar nós gunnaí láimhe lár-lámhaigh nó raidhfilí leathuathoibríocha lár-lámhaigh sách ard.

Nuair atá iarratasóir ag déanamh iarratais ar dheimhniú airm tine , ba cheart don iarratasóir a chur san aireamh cibé a bhuil tostóir á lorg don arm tine airithe sin nó nach bhfuil. Beidh gá le hiarratas dá éis ar thostóir go ndéanfaidh an t-iarratasóir iarratas a athdhéanamh ar an bhfoirm nua iarratais FCA1 agus beidh gá aige leis an táille iomlán €80. De réir mar atá ráite cheana féin, ní mór do gach deimhniú airm tine a chur san áireamh anois sonraí aon údaraithe ar thostóir i leith an airm tine áirithe sin.

AGUISÍN E: IONADAÍOCHTAÍ AGUS AIRM TINE A DHIÚSCAIRT

IONADAÍOCHTAÍ AGUS 'IONTAMHAILL'

Nuair a dhéantar iarratas chun arm tine a ionadú – ar bhonn iontamhla – ba cheart an próiséas a bheith comhlíonta ag An Garda Síochána in achar réasúnta ama de thuairim is 14 lá. Déanfar an t-iarratas seo ar ghnáthfhoirm iarratais FCA1 agus ní bheidh gá le haon táille. Sa staid seo, ní bheidh an t-iarratas riachtanach chun dul i mbun an phróiseas iomlán iarratais arís m.sh. fiosruithe míochaine, moltóirí agus mar sin de. Ba cheart a thabhairt faoi deara go rachaidh an deimhniú airm tine bunaidh in éag a bheith i bhfeidhm agus ba cheart é a bheith scriosta ag sealbhóir thart ar dhá sheachtaine tar éis an arm tine ionadaithe a éisiúint.

Nuair atáthar ag measúnú iarratais ''iontamhla'', ba cheart do dhuine eisiúna a bheith sásta nár athraigh 'Cúis Mhaith' an iarratasóra chun seilbh a bheith ar an arm tine ó deonaíodh an deimhniú bunaidh. Mar shampla, tá ionadú ar arm tine fada neamhshrianta le haghaidh arm tine fada neamhshrianta eile incheadaithe ar an gcoinníoll nach bhfuil sé ar intinn ag an iarratasóir fia a lámhach in ionad, abair, speiceas atá scriostach d'fheirmeoireacht nó do ghníomhaíochtaí seilge. Mar atá ráite, ní mór don 'Cúis Mhaith' fanacht go bunúsach mar an gcéanna leis an deonú bunaidh.

.

CUIR AR CEAL/LEASAIGH

Le deimhniú airm tine a chur ar ceal, ba cheart foirm FCA2 a úsáid. Níl an fhoirm seo le húsáid ach in imthosca ar nós nuair a dhíoltar, a thugtar suas go buan, nó eile nuair a dhéantar é a dhiúscairt nó san áit – mar shampla – a bhfaigheann sealbhóir an deimhnithe airm tine bás. D'fhéadfadh leasú ar dheimhniú a bheith ar chúiseanna ar nós earráidí clóscríbhneoireachta, athrú seolta, agus mar sin de. Níl an fhoirm FCA2 le húsáid nuair atá aon arm tine amháin á chur in ionad d'arm tine eile.

BAIRILLE SPÁRTHA / ATHSHOLÁTHAIR

Ní bheidh gá ag bairille spártha nó athshotháthair d'arm tine le deimhniú airm tine ar leith, ar an gcoinníoll go bhfuil sé den chailibre céanna. Ach má tá bairille spártha nó athsholáthar ó iarratasóir d'arm tine a d'fhéadfadh a bheith ina athrú ar chailibre don arm tine, ansin beidh gá ag deimhniú ar leith airm tine agus beidh sé faoi réir don ghnáththáille €80 atá riachtanach don arm tine.

AIRM TINE ATÁ I SEILBH AN GHARDA SÍOCHANA NACH BHFUIL AG TEASTÁIL A SCRIOS

D'fhéadfadh lear mór sealbhóirí ceadúnais reatha airm tine nach mian leo iarratas a athdhéanamh ar dheimhniú airm tine a bheith mar thoradh ar an gcóras nua ceadúnúcháin airm tine trí bliana agus mar thoradh air sin, beidh riachtanas ann na hairm tine sin a thabhairt ar láimh, a bheith díolta, a bheith scriosta nó eile a bheith diúscartha.

Sular ghlac An Garda Síochána aon cheann de na hairm tine nó amuinisean ar láimh ó aon duine, ba cheart toiliú úinéir an airm tine/amuinisean a fháil i dtosach i scríbhinn. I ngáthchúrsaí an lae, beidh sé seo á fháil ón duine ar a raibh deimhniú airm tine deonta i ndáil leis an arm tine atá á thabhairt ar láimh.

D'fhéadfadh staideanna a bheith i gceist, san áit ina bhfuil airm tine nó amuinisean á thabhairt ar láimh don Gharda Síochána ag gaolta an duine éaga, duine easlána nó duine san ospidéal a raibh arm tine ina sheilbh aige roimhe seo agus san áit nach bhfuil an t-arm tine ag teastáil níos mó ón duine nó ón gclann. Sna himthosca sin tá sé rí-thábhachtach go bhfuil An Garda Síochána sásta go bhfuil an té atá ag tabhairt airm tine ar láimh tar éis a admháil i scríbhinn go bhfuil siad ag tabhairt ar láimh buan-úinéireacht den arm tine nó den amuinisean agus go bhfuil údarú an úinéara acu chun buanúinéireacht an airm tine a thabhairt ar láimh.

San áit a bhfuil arm tine tugtha ar láimh don Gharda Síochána dá scrios, déanfar an scrios seo chomh luath agus atá sé praiticiúil ag déileáilaí cláraithe airm tine nó ag duine údaraithe eile agus déanfar maoirseach air ag comhalta den Gharda Síochána. Tá sé rí-thábhachtach go bhfuil na sonraí taifeadta ar PULSE ionas go bhfuil taifid ceart agus cóir á choimeád i ndáil le gach arm tine. Freisin, ba cheart foirm FCA2 a chomhlánú má tá an t-arm tine le bheith curtha ar ceal agus curtha ar aghaidh chun Rannóg Ríomhaireachta na nArm Tine, Ceanncheathrú an Gharda Síochana, ionas gur féidir an cealú a thaifeadadh. Nuair atá an t-arm tine scriosta dá éis, ba cheart an fíric seo a chur ar aghaidh láithreach bonn i scríbhinn chuig an duine a thug an t-arm tine ar láimh don Gharda Síochána.

Sna himthosca, san áit ina bhfuil deimhniú airm tine diúlta do dhuine faoin reachtaíocht nua ach ach a bhfuil an t-arm tine fós ina sheilbh aige, ní mór don arm tine cibé acu a bheith tugtha ar láimh don Gharda Síochána do bhuan scrios do dhéilealaí cláraithe airm tine mar a bhfuil léargas tugtha air cheana féin. Má dhéanann duine cinneadh achomharc a dhéanamh dá éis (faoi alt 15A d'Acht na nArm Teine 1925 arna chur isteach ag alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) ar chinneadh an duine eisiúna diúltú an deimhnithe airm tine a dheonú, ní mór don arm tine a bheith tugtha ar láimh do dhéileálaí cláraithe airm tine mar a bhfuil léargas tugtha air ag feitheamh ar an achomharc sin. Má mhainnítear é sin a dhéanamh, beidh an duine sin i seilbh airm tine neamhcheadúnaithe

Áit a dtugann sealbhóir ar cheadúnas airm tine arm tine isteach isteach i ndéileálaí cláraithe airm tine chun críche díol agus easpórtáil thar lear, ba cheart don úinéir a chur in iúl don oifigeach áitiúil airm tine nó do chomhalta eile den Gharda Síochána mar gheall ar an bhfíric seo agus ba cheart taifid a thabhairt suas chun dáta ar an gcóras PULSE.

AGUISÍN F: PIOSTAIL CHAIGHDEANACHA OIRIÚNACHA OILIMPEACH

Tagann na hairm tine .22 cailibre seo a leanas, cé nach bhfuil an liosta forleathan, faoi réim an tsainmhínithe de réir ailt 4(2)(e)(iii) den Ordú úm Airm Tine (Airm Tine Srianta agus Lón Lámhaigh), 2008 arna leasú. Dá réir sin, ba cheart iarratas a dhéanamh ar dheimhnithe le haghaidh na hairm tine neamhshrianta seo (le piléarlann de chumas nach mó ná **5** urchar) a dhéanamh chuig ceannfort áitiúil an Gharda Síochána san áit ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir.

Baikal	IZH 35
Baikal	IZH 35M
Benelli	MP90S
Benelli	MP95E
Beretta	U22 Neos\87
Browning	Buckmark
FAS Domino	SP602
FAS Domino	SP607
FAS Domino	SP 607 Light
Feinwerbkau	AW 93
Feinwerbkau	AW 93 Light
Frankonia	Favorit
Hammerli	208\S
Hammerli	280
Hammerli	SP 20\SP 20 RRS\Xesse
Matchguns	MG2\E
Matchguns	MG2\E-RF
Morini	CM102E\CM22E\M\RF
Pardini	SPE
Pardini	SP or SP Rapid Fire
Pardini	SP1 or SP 1 Rapid Fire
Sako	Tri-Ace
Smith & Wesson	22A\41\617
Ruger	Mark I\ II\ III
Taurus	94
Tesro	TS 22-2
Unique	DES 69\U
Walther	GSP or GSP expert
Walther	SP22\SSP\M4
Walther	KSP\SSP

Conclúid

Déanann na Treoirlínte seo plé ar na saincheisteanna i dtaobh iarratais ar dheimhnithe agus údaraithe airm tine faoin reachtaíocht faoi mar atá sé i bhfeidhm faoi láthair. De réir mar a cuirfear tosach feidhme le tuilleadh reachtaíochta i ndáil le ceadúnúcháin airm tine, beidh na treoirlínte tugtha suas chun dáta agus leasaithe, agus tabharfaidh siad san áireamh chomh maith aon chás-dlí nua atá ábhartha.

Féadfar tuilleadh cúnaimh a fháil ó:

An tAonad um Pholasaí Airm Tine,
Polasaí Coireachta agus Riaracháin,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Baile Átha Cliath 8.